



**Health  
Information  
and Quality  
Authority**

An tÚdarás Um Fhaisnéis  
agus Cáilíocht Sláinte

# Tuarascáil Bhliantúil **2023**

*Cúram Níos Sábháilte Níos Fearr*



**Health  
Information  
and Quality  
Authority**

An tÚdarás Um Fhaisnéis  
agus Cáilíocht Sláinte

## *Cúram Níos Sábháilte Níos Fearr*

Is údarás neamhspleách é An tÚdarás um Fhaisnéis agus Cáilíocht Sláinte (**HIQA**) atá ann chun seirbhísí cúram sláinte agus sóisialta a fheabhsú do mhuintir na hÉireann.

# Clár ábhair

<b>Réamhrá ón gCathaoirleach</b>	<b>5</b>
<b>Teachtaireacht ón bPríomhfheidhmeannach</b>	<b>7</b>
<b>1. Maidir le HIQA</b>	<b>9</b>
1.1 Réamhrá	10
1.2 Ár sainordú agus ár ngníomhaíochtaí	10
<b>2. Rialachas agus bainistíocht</b>	<b>11</b>
2.1 Ár mBord	12
2.2 Cruinnithe Boird	14
2.3 Coistí boird	14
2.4 Foireann Bainistíochta Feidhmiúcháin	15
2.5 Rialachas corparáideach	16
<b>3. Cuspóirí straitéiseacha</b>	<b>17</b>
3.1 Fís, Misean agus luachanna	18
3.2 Cuspóirí straitéiseacha 2023 in uimhreacha	19 20
<b>4. Príomhghníomhaíochtaí</b>	<b>22</b>
4.1 Rialú na seirbhísí sóisialta	23
4.1.1 <i>Rialú agus faireachán ar sheirbhísí leanaí</i>	24
4.1.2 <i>Rialú lárionaid ainmnithe do dhaoine (daoine fásta agus leanaí) faoi mhíchumas</i>	26
4.1.3 <i>Rialú Lárionaid Ainmnithe do Dhaoine Scothaosta</i>	30
4.1.4 <i>Taighde rialála agus feabhsú cáilíochta</i>	36
4.2 Monatóireacht agus rialáil ar sheirbhísí cúram sláinte	37
4.2.1 <i>Gníomhaíochtaí rialaithe agus monatóireachta cúram sláinte</i>	37
4.2.2 <i>Ullmhú do thosach feidhme feidhmeanna nua</i>	41
4.3 Measúnú ar theicneolaíocht sláinte agus sintéis fianaise	43
4.3.1 <i>Croí-Mheasúnú ar Theicneolaíocht Sláinte</i>	43
4.3.2 <i>MTS Imdhíonta</i>	46
4.3.3 <i>MTS Scagthástála</i>	47
4.3.4 <i>BTS-CÉAÉC – Tacaíocht don Treoirlíne Chliniciúil Náisiúnta</i>	49
4.3.5 <i>Sintéis fianaise beartais COVID-19, agus comhairle</i>	50
4.3.6 <i>Sintéis fianaise beartais sláinte poiblí agus comhairle</i>	51
4.3.7 <i>Fírinniú cineálach na radaíochta ianúcháin</i>	53
4.3.8 <i>Straitéis, tacaíocht agus taighde</i>	54

4.4	Faisnéis agus caighdeán sláinte	55
4.4.1	<i>Faisnéis sláinte</i>	55
	<i>Beartas náisiúnta um fhaisnéis sláinte a chur ar an eolas</i>	55
	<i>Caighdeán agus treoir náisiúnta a fhorbairt maidir le faisnéis sláinte</i>	56
4.4.2	<i>Caighdeán sláinte agus cúraim shóisialaigh</i>	57
	<i>Tacú le cur i bhfeidhm na gcaighdeán náisiúnta sláinte agus cúraim shóisialaigh</i>	58
	<i>Caighdeán náisiúnta a fhorbairt</i>	60
	<i>Dréachtchaighdeán Náisiúnta do Sheirbhísí Tacaíochta Baile</i>	60
4.4.3	<i>Clár Náisiúnta um Thaithí Chúraim</i>	61
	<i>Suirbhé Náisiúnta Eispéireas Méala Máithreachais</i>	61
	<i>Suirbhé Náisiúnta Deireadh Saoil</i>	62
	<i>Suirbhé Náisiúnta ar Eispéireas Othar Cónaitheach</i>	62
	<i>Forbairt suirbhéanna nua</i>	62
	<i>Podchraoladh 'Let's Talk Care Experience'</i>	63
4.5	Ár bhfeidhmeanna cumasúcháin	64
4.5.1	<i>Acmhainní Daonna</i>	64
4.5.2	<i>Sláinte agus sábháilteacht</i>	64
4.5.3	<i>Comhshaol</i>	65
4.5.4	<i>An Fhoireann um Chumarsáid agus Rannpháirteachas le Páirtithe Leasmhara</i>	65
4.5.5	<i>An Rannóg Faisnéise</i>	66
4.5.6	<i>Saoráil Faisnéise</i>	67
4.5.7	<i>Bainistíocht gearán</i>	67
4.5.8	<i>Cairt Seirbhíse Cáilíochta</i>	68
4.5.9	<i>Nochtadh Cosanta</i>	68
4.5.10	<i>Córas bainistíochta cáilíochta</i>	68
4.5.11	<i>Bainistíocht airgeadais</i>	68
4.5.12	<i>Acht na dTeangacha Oifigiúla</i>	68
<b>5.</b>	<b>Rannpháirteachas le Páirtithe Leasmhara</b>	<b>69</b>
<b>6.</b>	<b>Ráitis Airgeadais Bhliantúla</b>	<b>83</b>
<b>7.</b>	<b>Aguisíní</b>	<b>120</b>
	Aguisín 1: Dualgas um Chomhionannas agus Cearta Daonna na hEarnála Poiblí	121
	Aguisín 2: Foilseacháin acadúla	123

# Réamhrá ón gCathaoirleach



**An Dr Pat O'Mahony**  
Cathaoirleach

**Tá áthas orm chun Tuarascáil Bhliantúil 2023 HIQA a chur i láthair. Tugtar achoimre sa tuarascáil seo ar éachtaí HIQA agus an dara bliain dár bPlean Corparáideach 2022–2024 á chur i bhfeidhm againn.**

Ba bhliain í 2023 inar leanamar lenár gcuid oibre chun seirbhísí a rialáil agus monatóireacht a dhéanamh orthu, measúnú ar theicneolaíocht sláinte agus sintéis fhianaise a dhéanamh, agus cur le tírdhreach faisnéise sláinte na hÉireann, agus muid ag ullmhú chun glacadh le roinnt feidhmeanna nua.

Críochnaíodh obair fhairsing i rith na bliana i gcomhar leis an Roinn Sláinte chun ullmhú do leathnú suntasach ar ár bhfeidhmeanna agus ár bhfreagrachtaí. Ina measc seo tá An tAcht um Shábháilteacht Othar (Teagmhais Infhógartha agus Nochtadh Oscailte), 2023. Tabharfaidh sé seo freagrachtaí nua do HIQA, lena n-áirítear leathnú ár sainchúraim go seirbhísí ospidéal phríobháideacha, ceanglas ar gach ospidéal teagmhais infhógartha a thuairisciú do HIQA agus sainchúram leathnaithe maidir le himscrúdú a dhéanamh ar imeachtaí díobhálacha aonair i dtithe altranais. Chuireamar tús freisin le pleanáil le haghaidh ár gcumhachtaí nua faoin mBille um Fhíochán Daonna (Trasphlandú, Scrúdú Iarbháis, Scrúdú Anatamaíoch agus Taispeáint Phoiblí), (2018) a chuirfidh ar ár gcumas iniúchadh a dhéanamh ar sheirbhísí marbhlainne ospidéal.

Ina theannta sin, leanamar ar aghaidh le hullmhúcháin do chumhachtaí nua maidir le monatóireacht a dhéanamh ar ionaid na Seirbhíse Cóiríochta um Chosaint Idirnáisiúnta (IPAS) in éineacht leis an Roinn Leanaí, Comhionannais, Míchumais, Lánpháirtíochta agus Óige. Tháinig an sainchúram leathnaithe seo i bhfeidhm i mí Eanáir 2024.


I rith 2023, leanamar ag déanamh monatóireachta ar shábháilteacht agus ar cháilíocht na seirbhísí sláinte agus cúraim shóisialta. Leanamar ag déanamh monatóireachta ar na seirbhísí atá laistigh dár sainchúram, agus rinneamar 2,189 iniúchadh ar sheirbhísí sláinte agus cúraim shóisialta i rith na bliana. Ónár n-iniúchtaí agus ár rannpháirtíochtaí leanúnacha, tuigimid na dúshláin atá roimh ár seirbhísí sláinte agus cúraim shóisialta agus déanaimid ár ndícheall tacú leo, go háirithe agus iad ag téarnamh ó thionchar na paindéime COVID-19. Foilsíodh an fhoghlaim seo trí roinnt tuarascálacha forbhreathnaithe ar na réimsí seirbhísí éagsúla chun ár bpríomhthorthaí agus ár gcuid foghlama a leagan amach, agus chun tacú le feabhsú cáilíochta leanúnach.

Tar éis iarratas ón Aire Sláinte, i mí na Samhna d'fhoilsíomar ár dtéarmaí tagartha le haghaidh athbhreithniú reachtúil neamhspleách ar rialachas agus maoirseacht ar úsáid ionchlannán máinliachta agus feistí leighis so-ionchlannaithe i Sláinte Leanaí Éireann (SLÉ), lena n-áirítear ag SLÉ Sráid an Teampaill, Baile Átha Cliath.

I rith na bliana leanamar ar aghaidh ag déanamh oibre ar aon dul lenár gcuspóir straitéiseach chun fianaise láidir ardchaighdeán a sholáthar mar bhonn eolais do chleachtas agus do bheartas pleanála agus do chinnteoireacht. Ghlacamar le réimse nua oibre maidir le fianaise a sholáthar don Roinn Sláinte agus tacú le Feidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte (FSS) agus leis an gCoiste Comhairleach Náisiúnta um Scagadh araon ina bpróisis chinnteoireachta chun eolas a chur ar fáil do shláinte phoiblí agus idirghabhálacha sláinte. Ina theannta sin, mar an t-údarás inniúil chun nochtadh míochaine do radaíocht ianúcháin a rialáil, i bhFeabhra 2023 thosaíomar ag cur fírinniú cineálach ar fáil do nochtadh míochaine don radaíocht ianaíoch, beart tábhachtach a glacadh chun úsáid na radaíochta a chosaint ar fud na hearnála cúram sláinte.

Príomhchuspóir straitéiseach eile do HIQA is ea cur chuige bunaithe ar chearta an duine a chur chun cinn. Ag teacht leis an bhfís seo, i mí na Bealtaine, sheolamar Mol Foghlama ar ár suíomh Gréasáin a sholáthraíonn naisc chuig raon acmhainní do ghairmithe sláinte agus cúraim shóisialta ar ábhair mar abhcóideacht, cearta daonna a chur chun cinn agus cosaint. D'oibríomar freisin i gcomhpháirtíocht leis an Roinn Sláinte agus FSS chun tionscadal náisiúnta rannpháirtíochta a dhéanamh ar thuairimí an phobail agus ghairmithe maidir le digitiú cúram sláinte agus sóisialta in Éirinn.

Mar fhocal scoir, ba mhaith liom mo bhuíochas ó chroí a ghabháil le foireann uile HIQA ar fud na heagraíochta agus le mo chomhbhaill ar an mBord as a dtiomantas gan staonadh agus a n-obair chrua in 2023. Táim dóchasach don todhchaí agus muid ag leanúint ar aghaidh ag soláthar ár sainordaithe reachtaíochta agus ag an am céanna ag cothú athrú dearfach i dtírdhreach sláinte agus cúraim shóisialta na hÉireann.



**An Dr Pat O'Mahony**  
*Cathaoirleach*

# Réamhrá ón bPríomhoifigeach Feidhmiúcháin



**Angela Fitzgerald**

*Príomhoifigeach Feidhmiúcháin*

## Fáilte chuig Tuarascáil Bhliantúil 2023 HIQA.

Agus machnamh a dhéanamh ar an mbliain seo caite, táim bródúil as an obair atá déanta againn agus muid ag tacú le feabhsuithe agus iad a chumasú maidir le soláthar cúraim atá sábháilte, ardchaighdeán agus éifeachtach i seirbhísí sláinte agus cúraim shóisialta na hÉireann.

Tá comhoibriú ar cheann dár gcroíluachanna agus mar rialtóir, áirítear leis seo oibriú le lucht déanta beartas, soláthraithe, iad siúd a úsáideann ár seirbhísí, grúpaí abhcóideachta agus an pobal i gcoitinne. Is trí theagmhálacha leanúnacha fiúntacha leis na príomhpháirtithe leasmhara sin amháin a fhéadfaimid bogadh níos faide ná comhlíonadh rialála agus le chéile feabhsuithe inbhuanaithe a bhaint amach i seirbhísí sláinte agus cúraim shóisialta. Tugann caidreamh den sórt sin dúshlán dúinn freisin féachaint i gcónaí ar conas is féidir linn ár gcur chuige maidir le rialáil a fheabhsú. Trínár bhfoilseacháin, féachaimid le bheith comhréireach agus dhíriú ar réimsí dea-chleachtais chomh maith le deiseanna feabhsúcháin. Cuirimid tacaíocht ar fáil freisin do dhaoine a úsáideann seirbhísí agus soláthraithe nuair a theastaíonn tacaíochtaí náisiúnta nó athruithe beartais.

Tugann an tuarascáil seo roinnt léargas ar an gcaoi ar tháingamar ar pháirtithe leasmhara éagsúla i rith 2023, lena n-áirítear cónaitheoirí, othair, gaolta, abhcóidí agus soláthraithe seirbhíse chun tacú le feabhsú. Chomh maith leis sin, chothaíomar caidrimh le páirtithe leasmhara nua agus muid ag ullmhú chun feidhmeanna agus freagrachtaí nua a ghlacadh orainne féin mar rialtóir.

Tá a fhios againn go bhféadfadh sé a bheith scanrúil do sholáthróirí a bheith faoi réir creata rialála nua agus mar sin tá sé tábhachtach go bhfuil dóthain ullmhúcháin agus pleanála déanta. Chuige sin, rinneadh obair shuntasach in 2023 chun ullmhú don Acht um Shábháilteacht Othar (Teagmhais Infhógartha agus Nochtadh Oscailte), 2023 agus monatóireacht a dhéanamh ar ionaid na Seirbhíse Cóiríochta um Chosaint Idirnáisiúnta (IPAS). Áiríonn ár bpleananna cuimsitheacha rannpháirteachas le páirtithe leasmhara, rannpháirtíocht agus comhoibriú fairsing le soláthraithe seirbhíse chun tacú leo ullmhú don chreat rialála nua agus chun a mbeifear ag súil uathu a chur in iúl.

Mar an gcéanna, d'oibríomar go dlúth leis an Roinn Sláinte chun saineolas agus fianaise a roinnt chun an Bille um Fhaisnéis Sláinte a threorú, agus chun cur le roinnt tionscadal Eorpach mar ullmhúchán do thabhairt isteach reachtaíocht an AE sa réimse seo. Leanaimid de bheith ag obair i gcomhar le chéile chun tacú leis an gclár oibre náisiúnta um fhaisnéis sláinte agus sláinte dhigiteach, lena n-áirítear trí dhréachtchaighdeán náisiúnta a fhorbairt ar bhainistiú faisnéise le haghaidh sláinte agus cúraim shóisialta.

Leanann ár gcuid oibre i réimse an mheasúnaithe teicneolaíochta sláinte agus sintéis fianaise ag leathnú. Tugann an phríomhfheidhm seo eolas do chinntí ar an úsáid is fearr a bhaintear as acmhainní chun na torthaí is fearr a bhaint amach do dhaoine a úsáideann ár seirbhís sláinte. Anuraidh, chuimsigh an obair seo fianaise agus comhairle a sholáthar ar imdhíonadh, scagthástáil, sláinte an phobail agus nochtadh

míochaine do radaíocht ianaíoch a chosaint. Táimid ag obair go dlúth leis an Roinn agus le comhoibrithe tábhachtacha eile sa réimse seo chun an tionchar is mó a chinntiú do ghrúpaí othar ar leith agus ag leibhéal an daonra.

De réir mar a mhéadaíonn sainchúram HIQA go tapa tá sé riachtanach ár bhfórsa saothair a fhorbairt agus a leathnú. In 2023, chuireamar Plean Fórsa Saothair cuimsitheach i gcrích a léiríonn na feidhmeanna nua chomh maith lenár bhfeidhmeanna corparáideacha a chomhdhlúthú le cur ar ár gcumas sainchúram níos leithne a ghlacadh go héifeachtach. Leanaimid ag plé leis an Roinn Sláinte maidir le cur i bhfeidhm an phlean seo. Leis an sainchúram leathnaithe seo tagann an gá atá le hathbhreithniú, neartú agus forbairt bhreise a dhéanamh ar an gcaoi a n-úsáidimid teicneolaíocht faisnéise san eagraíocht. Tá forbairt shuntasach ar ár gcórais faisnéise ar siúl faoi stiúir straitéis claochlaithe digiteach.

Tá sé fíorthábhachtach dúinn conas a mheasann ár bhfoirne de bheith ag obair i HIQA. Le linn 2023, leanamar ar aghaidh lenár dtiomantas don fhoireann athbhreithniú a dhéanamh ar an tsamhail oibre chumaisc a forbraíodh le linn na paindéime COVID-19. Léirigh sé seo gur éirigh go han-mhaith leis an tsamhail eatramhach ó thaobh taithí na foirne de agus ó thaobh príomhspríocanna agus cuspóirí eagraíochtúla a chur chun cinn. Tá formhuiniú láidir an Bhoird, na foirne agus an lucht bainistíochta don tsamhail agus a n-aiseolas ar conas is féidir é a fheabhsú mar bhonn eolais do mhúnla oibre amach anseo. D'fhreagair 80% den fhoireann freisin ár suirbhé débhlíantúil rannpháirtíochta neamhspleách, a thug freagra foriomlán an-dearfach chomh maith le deiseanna feabhsúcháin dúinn. Úsáidfidimid na torthaí seo chun tacú le fás na heagraíochta, agus ag an am céanna cultúr dearfach agus eispéireas foriomlán na foirne a choinneáil.

Tá éisteacht le daoine a úsáideann seirbhísí agus freagairt dóibh ina gcuid lárnach dár gcuid oibre in HIQA, chomh maith leis an tseirbhís sláinte níos leithne mar go gcuireann sé an t-eolas agus an fhianaise ar fáil dúinn chun tacú le soláthar seirbhísí ardchaighdeáin níos sábháilte do chách. In éineacht leis an Roinn Sláinte agus FSS, sheolamar an Suirbhé Náisiúnta Deireadh Saoil, an chéad suirbhé náisiúnta a chuir ceisteanna ar dhaoine méala faoin gcúram a cuireadh ar fáil dá ngaolta sna míonna deiridh dá saol. Foilseofar na torthaí in 2024 agus soláthróidh siad faisnéis luachmhar ar chaighdeán an chúraim a chuirtear ar fáil ag deireadh an tsaoil. I mí na Bealtaine 2023, d'fhoilsíomar torthaí an chéad Suirbhé Náisiúnta Eispéireas Méala Máithreachais freisin. I rith na bliana, rinneamar athbhreithniú freisin ar an Suirbhé Náisiúnta ar Eispéireas Othar Cónaitheach, a rinneadh den chéad uair in 2017, chun a chinntiú go bhfuil sé fós ábhartha maidir le hathrú ar an gcóras a chur i bhfeidhm amach anseo.

Ba mhaith liom buíochas a ghabháil leis an Roinn Sláinte, leis an Roinn Leanaí, Comhionannais, Míchumais, Lánpháirtíochta agus Óige, le ranna Rialtais eile, le FSS agus le Tusla, chomh maith le daoine a úsáideann seirbhísí, a dteaghlach agus a n-abhcóidí, le soláthraithe seirbhíse, agus leis ár bpáirtithe leasmhara iomadúla as oibriú linn i rith na bliana.

Mar fhocal scoir, gabhaim buíochas le foireann uile HIQA, leis an bhFoireann Bainistíochta Feidhmiúcháin agus le comhaltaí an Bhoird as ucht a ndícheall agus a dtiomantas in 2023 agus as do thiomantas leanúnach. Táim thar a bheith bródúil as an obair atá déanta againn le chéile in 2023 agus táim ag tnúth le todhchaí HIQA agus muid ag leanúint ar aghaidh ag soláthar sármhaitheasa agus ag cinntiú go bhfuil cúram ardchaighdeáin in earnáil sláinte agus cúraim shóisialta na hÉireann.



**Angela Fitzgerald**

*Príomhoifigeach Feidhmiúcháin*



# Maidir le HIQA



## 1.1 Réamhrá

Is é an tÚdarás um Fhaisnéis agus Cáilíocht Sláinte (HIQA) an t-údarás neamhspleách a bunaíodh in 2007 chun cúram ardcháilíochta agus sábháilte a thiomáint do dhaoine a úsáideann seirbhísí cúram sláinte agus sóisialta in Éirinn. Is é ról an HIQA ná caighdeáin a fhorbairt, cigireacht agus athbhreithniú a dhéanamh ar sheirbhísí cúram sláinte agus sóisialta agus tacú le cinntí eolasacha ar conas a sheachadtar seirbhísí.

Tugann an Tuarascáil Bhliantúil seo breac-chuntas ar obair HIQA ó 1 Eanáir go 31 Nollaig 2023, ag teacht le ceanglais reachtúla an Achta Sláinte 2007, agus cuimsítear ann socrúithe HIQA chun an Cód Rialachais do chomhlachtaí poiblí a chur i bhfeidhm agus cloí leo. Áirítear léi freisin Tuarascáil Phríomhchigire na Seirbhísí Sóisialacha agus an Tuarascáil Bhliantúil um Rialachas agus Comhlíonadh, mar a cheanglaítear leis an Acht Sláinte 2007, agus ár ráitis airgeadais bhliantúla.

## 1.2 Ár sainordú agus ár ngníomhaíochtaí

Síneann ár sainordú thar raon sonraithe de sheirbhísí san earnáil phoiblí, príobháideach agus dheonach. Ag tuairisciú don Aire Sláinte agus ag dul i dteagmháil leis an Aire Leanaí, Comhionannais, Míchumais, Lánpháirtíochta agus Óige, tá freagracht ar HIQA as:

- ▶ **Caighdeáin a leagan síos do sheirbhísí sláinte agus cúraim shóisialta** — Caighdeáin agus treoír atá dírithe ar an duine a fhorbairt, bunaithe ar fhianaise agus dea-chleachtas idirnáisiúnta, le haghaidh seirbhísí sláinte agus cúraim shóisialta in Éirinn.
- ▶ **Seirbhísí cúraim shóisialaigh a rialáil** — Tá an Príomhchigire Seirbhísí Sóisialta laistigh de HIQA freagrach as seirbhísí cónaithe a chlárú agus a iniúchadh do dhaoine scothaosta agus do dhaoine faoi mhíchumas, agus aonaid chúraim speisialta do leanaí.
- ▶ **Seirbhísí sláinte a rialáil** — Nochtadh míochaine do radaíocht ianaíoch a rialáil.
- ▶ **Seirbhísí monatóireachta** — Monatóireacht a dhéanamh ar shábháilteacht agus cháilíocht na seirbhísí sláinte agus na seirbhísí sóisialta leanaí, agus iniúchadh a dhéanamh, de réir mar is gá, ar imní nach beag faoi shláinte agus leas na ndaoine a úsáideann na seirbhísí sin.
- ▶ **Measúnú ar theicneolaíocht sláinte** — Measúnú a dhéanamh ar éifeachtacht chliniciúil agus costais na gclár sláinte, na mbeartas, na gcógas, an trealaimh leighis, na dteicnící diagnóiseacha agus máinliachta, gníomhaíochtaí cothú agus cosanta sláinte, agus comhairle a sholáthar chun an úsáid is fearr a bhaint as acmhainní agus na torthaí is fearr do dhaoine a úsáideann ár seirbhís sláinte.
- ▶ **Faisnéis sláinte** — Comhairle a thabhairt maidir le faisnéis sláinte a bhailiú agus a chomhroinnt go héifeachtúil slán, caighdeáin a leagan síos, acmhainní faisnéise a mheas agus faisnéis a fhoilsiú ar sholáthar agus ar fheidhmíocht sheirbhísí sláinte agus cúraim shóisialta na hÉireann.
- ▶ **Clár Náisiúnta um Thaithí Chúraim** — Suirbhéanna náisiúnta ar thaithí úsáideoirí seirbhíse a dhéanamh thar raon seirbhísí sláinte agus cúraim shóisialta, leis an Roinn Sláinte agus le FSS.

Tá na feidhmeanna reachtúla a sholáthraíonn bunús le hobair HIQA leagtha amach san Acht Sláinte 2007, sna hAchtanna um Chúram Leanaí 1991 agus 2001 (arna leasú), in Acht na Leanaí 2001, san Acht um Oideachas do Dhaoine a bhfuil Riachtanais Speisialta Oideachais Acu 2004, agus san Acht um Míchumas 2005.

# Rialachas agus bainistíocht

# 2

## 2.1 Ár mBord

Is é an Bord comhlacht rialaithe HIQA agus bunaíodh é den chéad uair ar 15 Bealtaine 2007. Tá an Bord freagrach as rialachas cuí HIQA, ag cinntiú córais éifeachtacha rialaithe inmheánaigh, comhlíonadh reachtúil agus oibriúcháin agus bainistíocht riosca. Soláthraíonn siad seo na heilimintí riachtanacha de rialachas corparáideach éifeachtach agus comhlíonadh.

Tá comhaltas an Bhoird comhdhéanta de Chathaoirleach agus 11 stiúrthóir neamhfheidhmiúcháin atá ceaptha ag an Aire Sláinte. Tá taithí agus saineolas ar leith ag comhaltaí an Bhoird ar chúrsaí a bhaineann le feidhmeanna HIQA, agus tagann siad ó raon gairmeacha agus tionscail sláinte agus cúraim shóisialta.

I measc chomhaltaí an Bhoird le linn 2023 bhí:



**An Dr Pat O'Mahony**  
*Cathaoirleach*

Iar-Phríomhfheidhmeannach ar Fhorbairt Taighde Cliniciúil Éireann. Iar-Chathaoirleach ar Bhord Bainistíochta na Gníomhaireachta Leigheasra Eorpaí. Iar-Leas-Ard-Rúnaí agus Ceannaire Rialachais agus Feidhmíochta sa Roinn Sláinte. Iar-Phríomhfheidhmeannach ar an Údarás Rialála Táirgí Sláinte.



**Bernadette Costello**

Stiúrthóir Cairte agus Cuntasóir Cairte. Faoi láthair tá sí ina comhalta den Bhord agus ina Cathaoirleach ar an gCoiste Iniúcháireachta agus Riosca ar Champas Coinneála Leanaí Bhaile an Oibricigh. Bord agus Coiste Airgeadais Oideachais agus Oiliúna na Gaillimhe agus Ros Comáin. Coiste Iniúchta & Riosca Chuan na Gaillimhe.



**An Dr Jim Kiely**

Iar-Leas-Chathaoirleach Bhord Ospidéal Ollscoile Thamhlachta. Iar-Chomhairleoir Beartais Sláinte le Clár Sláinte Chúnammh Éireann. Bhí sé ina Chathaoirleach ar Bhuanchoiste Oifig Réigiúnach an EDS i gCóbhanhán. Chaith sé 11 bliana mar Phríomhoifigeach Leighis (POL) sa Roinn Sláinte. Tá sé ina Chathaoirleach ar Choiste Rialaithe HIQA.



**An Dr Paula Kilbane**

Iar-Phríomhfheidhmeannach ar Bhord Sláinte agus Seirbhísí Sóisialta an Oirthir i dTuaisceart Éireann agus Stiúrthóir Sláinte Poiblí ar Bhord Sláinte an Deiscirt i dTuaisceart Éireann. Faoi láthair tá sí ina stiúrthóir ar roinnt bord sna hearnálacha príobháideacha, poiblí agus carthanachta.



### An Dr Clíodhna Foley Nolan

Comhairleoir i Míochaine Sláinte Poiblí. Iar-Stiúrthóir ar Shláinte an Duine agus Cothú ag Safefood (An Bord um Chur Chun Cinn Sábháilteachta Bia) agus Speisialtóir i Míochaine Sláinte Poiblí i FSS.



### Tony McNamara

Insight Management Consultancy. Iar-Phríomhoifigeach Feidhmiúcháin ar Ospidéal na hOllscoile, Corcaigh. Bhí sé ar chomhlachtaí comhairleacha agus sainchomhairleachta náisiúnta éagsúla don Roinn Sláinte. Iarchomhalta boird de Bhord Fuilistriúcháin na hÉireann, den Údarás um Shábháilteacht ar Bhóithre agus den Údarás Árachais Sláinte.



### Lynsey Perdisatt

Gairmí Sinsearach Acmhainní Daonna. D'oibrigh sí san earnáil phríobháideach agus phoiblí araon, le taithí shuntasach i gcaidreamh fostaithe, caidreamh tionsclaíoch agus bainistíocht athraithe.



### An tOllamh Michael Rigby

Taithí fhairsing ar fhorbairt agus ar sholáthar na seirbhíse sláinte, agus ar thaighde ar bheartas agus ar bhainistiú sláinte sa Ríocht Aontaithe agus in Éirinn. Ball den Uainchlár Saineolaithe ceaptha chun tacú le Grúpa Comhairleach Teicniúil Sláinte Digiteach EDS.



### Caroline Spillane

Príomhoifigeach Feidhmiúcháin Institiúid na Stiúrthóirí (IoS) Éireann. Iar-Phríomhfheidhmeannach Chomhairle na nDochtúirí Leighis Éireann. Iar-Ard-Stiúrthóir Innealtóirí Éireann. Iar-Stiúrthóir Cúnta Náisiúnta ar Fheidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte.



### Martin Higgins

Cathaoirleach Bhord Údarás Sábháilteachta Bia na hÉireann Iar-Phríomhfheidhmeannach ar Safefood. Roimhe seo d'fhreastail sé ar bhoird Bhord Leigheasra na hÉireann, ar an rialtóir gairmithe sláinte agus cúraim shóisialta CORU, agus ar Bhord Altranais agus Cnáimhseachais na hÉireann.



### Martin O'Halloran

Iar-Phríomhfheidhmeannach an Údaráis Sláinte agus Sábháilteachta. Iar-chathaoirleach ar Bhord an Fhorais Riaracháin agus Chomhlachas na bPríomhfheidhmeannach.



### Marion Meany

30 bliain de thaithí ag obair i seirbhísí sláinte. Iar-Stiúrthóir Náisiúnta Cúnta FSS um Straitéis agus Pleanáil Míchumais.



### Daniel McConnell

Comhpháirtí Comhairliúcháin Teicneolaíochta i Deloitte i dTuaisceart Éireann. Comhalta den Institiúid Chairte Airgeadais Phoiblí agus Chuntasaíochta. Ball de Bhord Choláiste Réigiúnach an Oirdheiscirt.

## 2.2 Cruinnithe boird

Faoin Acht Sláinte 2007, ceanglaítear ar an mBord teacht le chéile sé huair sa bhliain. Tháinig Bord HIQA le chéile 10 n-uair in 2023 san iomlán, chun ceisteanna suntasacha éagsúla a chur chun cinn (féach Caibidil 6 le haghaidh tuilleadh sonraí ar ghníomhaíochtaí ár mBord in 2023).

## 2.3 Coistí boird

Tacaíonn ceithre choiste Boird le gníomhaíochtaí an Bhoird maidir le HIQA a rialú:

- ▶ **Déanann an Coiste Rialála** maoirsiú ar éifeachtacht, rialachas, comhlíonadh agus rialuithe maidir le soláthar fheidhmeanna rialála HIQA.
- ▶ **Tacaíonn an Coiste Iniúchta, Riosca agus Rialachais** leis an mBord maidir lena fhreagrachtaí maidir le saincheisteanna riosca, rialaithe agus rialachais agus dearbhú gaolmhar. Tá an Coiste Iniúchta, Riosca agus Rialachais neamhspleách ó bhainistíocht airgeadais na heagraíochta. Cinntíonn an coiste go háirithe go ndéantar monatóireacht ghníomhach neamhspleách ar na córais rialaithe inmheánaigh, lena n-áirítear gníomhaíochtaí iniúchta. Tuairiscíonn an coiste don Bhord tar éis gach cruinniú, agus go foirmiúil i scríbhinn gach bliain.
- ▶ **Déanann an Coiste um Chaighdeán, Faisnéis, Taighde agus Teicneolaíocht** maoirseacht ar na socruithe rialachais, lena n-áirítear comhlíonadh agus rialuithe, maidir le feidhmeanna forbartha caighdeán, faisnéis sláinte agus feidhmeanna measúnaithe teicneolaíochta sláinte.

- **Déanann an Coiste Maoirseachta Acmhainní** monatóireacht ar riachtanais acmhainní HIQA chun a chinntiú go bhfuil siad ailínithe le straitéis chorparáideach HIQA, lena n-áirítear maoirseacht ar rioscaí a bhaineann le hacmhainní. Ina theannta sin, tugann sé faoi mhaoirseacht ar riachtanais eagraíochtúla agus feidhmíocht bhainistíochta.

## 2.4 Foireann Bainistíochta Feidhmiúcháin

Léiríonn struchtúr eagraíochtúil HIQA príomhfheidhmeanna agus gníomhaíochtaí an Rialacháin, an Mheasúnaithe Teicneolaíochta Sláinte agus an Fhaisnéis agus na gCaighdeán Sláinte, mar aon leis na seirbhísí tacaíochta a chuireann ar ár gcumas ár gcuspóirí corparáideacha a bhaint amach: Oibríochtaí, Rannóg Faisnéise, Acmhainní Daonna agus Forbairt Eagraíochtúil, agus Cumarsáid agus Rannpháirteachas le Páirtithe Leasmhara. Tá an eagraíocht faoi cheannasaíocht ag an bhFoireann Bainistíochta Feidhmiúcháin, a fhaigheann tacaíocht ó bhainisteoirí sinsearach eile atá freagrach as ár bhfeidhmeanna gnó.

Ar 31 Nollaig 2023 bhí na baill seo a leanas mar chuid de Fhoireann Bainistíochta Feidhmiúcháin HIQA:



**Angela Fitzgerald**

*Príomhoifigeach  
Feidhmiúcháin*



**An Dr Máirín Ryan**

*Leas-Phríomhfheidhmeannach  
agus Stiúrthóir Measúnaithe  
Teicneolaíochta Sláinte*



**Carol Grogan**

*Príomhchigire na  
Seirbhísí Sóisialta*



**Sean Egan**

*Stiúrthóir um Rialáil  
Cúraim Sláinte*



**Rachel Flynn**

*Stiúrthóir um Fhaisnéis agus  
Caighdeán Sláinte*



**Sean Angland**

*Príomhoifigeach  
Oibríochtaí Gníomhach*



**Bala Krishnan**

*Príomhoifigeach  
Faisnéise*



**Marty Whelan**

*Ceannaire Cumarsáide  
agus Rannpháirtíochta  
Geallsealbhóirí*



**Susan Montgomery**

*Ceann na nAcmhainní Daonna  
agus Forbairt Eagraíochtúil*

## 2.5 Rialachas corparáideach

Tá Bord HIQA freagrach as rialuithe inmheánacha agus as athbhreithniú bliantúil a dhéanamh ar éifeachtacht na rialuithe sin, lena n-áirítear rialuithe airgeadais, oibriúcháin agus comhlíonta, agus bainistíocht riosca.

Chun an fhreagracht seo a sheachadadh, glacann an Coiste Iniúchta, Riosca agus Rialachais ról gníomhach i gcomhordú na ndearbhuithe a thagann ó fhoinsí éagsúla, mar shampla:

- ▶ obair iniúchta inmheánaigh
- ▶ iniúchadh ag an Ard-Reachtair Cuntas agus Ciste
- ▶ bainistíocht riosca
- ▶ athbhreithniú ar rialuithe airgeadais
- ▶ athbhreithniú ar ráitis airgeadais.

Ina theannta sin:

- ▶ Soláthraíonn an Fhoireann Bainistíochta Feidhmiúcháin ráiteas dearbhaithe bliantúil don Bhord a leagann amach na rialuithe a chlúdaíonn iomláine fheidhmeanna HIQA.
- ▶ Cuirtear tuarascálacha feidhmíochta corparáidí rialta ar fáil don Bhord, lena n-áirítear rioscaí corparáideacha.
- ▶ Soláthraíonn an Príomhfheidhmeannach tuairisc ag gach cruinniú den Bhord.
- ▶ Tuairiscíonn na ceithre choiste Boird ag gach cruinniú den Bhord.

### **Comhlíonadh an Chóid Chleachtas um Rialachas Comhlachtaí Stáit**

Tá Cód Rialachais, Cód Iompraíochta Gnó agus beartais agus nósanna imeachta rialachais gaolmhara ag HIQA lena chinntiú go gcomhlíontar an Cód Cleachtas athbhreithnithe um Rialachas Comhlachtaí Stáit.

Deimhníodh HIQA do Chaighdeán Rialachais SWiFT 3000 ón Údarás um Chaighdeán Náisiúnta na hÉireann. Tá tuarascáil mhionsonraithe ar Rialachas agus Comhlíonadh san áireamh leis na ráitis airgeadais bhliantúla do 2023.



# Cuspóirí straitéiseacha

# 3

## 3.1 Fís, Misean agus luachanna

### ÁR BHFÍS

Seirbhísí níos Sábháilte agus Cúram Níos Fearr do Chách.

### ÁR MISEAN

Úsáideoirí seirbhísí a chosaint, agus oibriú le geallsealbhóirí chun cothromas, cáilíocht agus sábháilteacht seirbhísí cúram sláinte agus sóisialta a fheabhsú agus a chumasú do gach duine in Éirinn.

### ÁR LUACHANNA

Tá HIQA tiomanta ag a luachanna, a léiríonn croílár na reachtaíochta a shainíonn ár sainchúram.

#### CEARTA AN DUINE A CHUR CHUN CINN AGUS A CHOSAINT

Oibreimid chun cearta an duine a chur chun cinn chomh maith le sáruihte ar chearta i seirbhísí sláinte agus cúraim shóisialta a shainiú, a cheistiú agus a thuairisciú



#### DAOINE A CHUR CHUN TOSAIGH

Cuirfimid guth agus riachtanais daoine i gcroílár ár gcuid oibre agus déanfaimid ár ndícheall sáruihte ar chaighdeán chomhaontaithe a aithint, a cheistiú agus a thuairisciú



#### A BHEITH CÓIR, OIBIACHTÚIL AGUS COTHROM

Beimid cothrom, oibiachtúil agus comhsheasmhach agus muid ag déileáil le daoine agus eagraíochtaí



#### A BHEITH OSCAILTE AGUS FREAGRACH

Cuirfimid nádúr agus torthaí ár gcuid oibre in iúl ar bhealach oscailte trédhearcach, ag glacadh freagracht iomlán as ár gníomhartha



#### AG IARRAIDH SÁRMHAITHEAS A BHAINT AMACH

Déanfaimid nuálaíocht leanúnach agus feabhsóimid cáilíocht ár gcuid oibre trí thaighde láidir, ar ár ndícheall ar mhaithe le críochnúlacht chórasach agus feidhm á baint againn as na hacmhainní agus an fhianaise is fearr atá ar fáil



#### CÁILÍOCHT A CHUR CHUN CINN

Cuirfimid cáilíocht chun cinn laistigh dár n-eagraíocht féin agus ar fud na seirbhísí cúram sláinte agus sóisialta go léir



#### AG OBAIR GO COMHOIBRÍOCH

Déanfaimid teagmháil agus comhoibriú lenár bpáirtithe leasmhara go léir



## 3.2 Cuspóirí straitéiseacha


Leagtar amach i bPlean Corparáideach HIQA 2022-2024 an creat agus na cuspóirí straitéiseacha a chuireann ar ár gcumas oibleagáidí reatha agus nua a chomhlíonadh. Leagann an plean seo amach treo agus fócas na heagraíochta don tréimhse, agus leagann sé amach ár gcuspóirí straitéiseacha, mar a leanas:



### Príomhchuspóirí Straitéiseacha

- 1 Comhionannas agus cearta daonna na ndaoine a úsáideann seirbhísí cúram sláinte agus sóisialta a chur chun cinn agus a chosaint
- 2 Cur le feabhsú forásach ar cháilíocht agus ar shábháilteacht na seirbhísí sláinte agus cúraim shóisialta
- 3 A chinntiú go bhfuil guth úsáideoirí seirbhíse lárnach dár gcuid oibre
- 4 Fianaise láidir, d'ardchaighdeán a sholáthar mar bhonn eolais do chleachtas, do bheartas pleanála agus do chinnteoireacht
- 5 Ár dtaithí a úsáid le bheith mar ghuth iontaofa ar cháilíocht, ar shábháilteacht agus ar chearta an duine i seirbhísí sláinte agus cúraim shóisialta
- 6 A chinntiú go dtacaíonn ár bpríomhchumasóirí linn nuálaíocht agus barr feabhais a chur ar an mbealach a dhéanaimid ár gcuid oibre

### Príomhchumasóirí



Déantar na gealltanais seo, atá san áireamh sa Phlean Corparáideach, a chomhlíonadh trí chuspóirí atá leagtha amach inár bPlean Gnó bliantúil, atá ar fáil ar [www.hiqa.ie](http://www.hiqa.ie).

# 2023 in uimhreacha



**2,189**

iniúchtaí ar sheirbhísí sláinte agus cúraim shóisialta



**19**

measúnuithe teicneolaíochta sláinte agus tuarascálacha sintéise fianaise foilsithe



**1,879**

píosaí faisnéise gan iarraidh a fuarthas faoi sheirbhísí sláinte agus cúraim shóisialta



**4**

comhairliúcháin phoiblí a reáchtáladh

**3,029**

rannpháirtithe sa Rannpháirtíocht Náisiúnta ar Shláinte Dhigiteach agus Chúram Sóisialta



**81** ceisteanna parlaiminte freagraithe



**2** Coistí Oireachtais arna fheastail



**4,570**

duine páirt sa chéad  
Suirbhé Náisiúnta  
Deireadh Saoil



**102**

ról a earcaíodh  
ar fud HIQA



Bronnadh ISO 9001:2015  
air as Córas Bainistíochta  
Cáilíochta



**Ghlac 94,053**

críochnaithe maidir le cúrsaí foghlama  
ar líne ar chaighdeáin náisiúnta

➤ **15,823**

críochnaithe maidir le cúrsa  
um chosc agus rialú ionfhabhtaithe

➤ **11,459**

críochnaithe maidir le cúrsa  
um chosaint aosach

➤ **54,479**

críochnaithe maidir le cúrsa cúraim  
bunaithe ar chearta an duine

➤ **12,292**

críochnaithe maidir le  
cúrsa abhcóideachta

# Príomhghníomhaíochtaí

# 4

## 4.1 Rialú na seirbhísí sóisialta

Tá Príomhchigire na Seirbhísí Sóisialta laistigh de HIQA freagrach faoin Acht Sláinte 2007 arna leasú as rialú a dhéanamh ar ionaid ainmnithe do dhaoine fásta agus leanaí faoi mhíchumas, do dhaoine scothaosta agus d'aonaid chúraim speisialta leanaí.<sup>1</sup> Tá monatóireacht ar sheirbhísí leanaí mar leas agus cosaint leanaí, seirbhísí cónaithe leanaí, cúram altrama agus Campas Coinneála Leanaí Bhaile an Oibricigh faoi shainchúram an Phríomhchigire freisin.

Chun seirbhísí sóisialta a rialáil agus monatóireacht a dhéanamh orthu, déanaimid na nithe seo a leanas:

- ▶ déanaimid cigireacht agus tuairiscimid ar cháilíocht agus sábháilteacht na seirbhísí
- ▶ buailimid le daoine fásta agus le leanaí a bhfuil cónaí orthu sa tseirbhís nó a bhaineann leas as an tseirbhís chun a dtaithe a chloisteáil
- ▶ Faighimid, anailís agus measúnú riosca faisnéis ó raon foinsí chun eolas a chur ar ár ngníomhaíocht rialála. D'fhéadfadh go n-áireofaí leis seo fógraí ó sholáthraithe a bhaineann le himeachtaí sonracha, faisnéis ar údar imní iad nó moltaí faoin tseirbhís ó chónaitheoirí, ó dhaoine a úsáideann seirbhísí, ó ghaolta, ón bhfoireann, ó abhcóidí nó ó thríú páirtithe a chuireann faisnéis isteach.

Ba mhaith linn buíochas a ghabháil le daoine a chónaíonn, a úsáideann nó a oibríonn in ionaid agus seirbhísí ainmnithe as a rannpháirtíocht leanúnach linn mar chigirí agus as a bhfáilteachas le linn dúinn a bheith ar chigireacht.

Faigheann an Príomhchigire méid suntasach faisnéise gach bliain freisin faoi ionaid agus seirbhísí ainmnithe. Déanaimid an fhaisnéis seo a chatagóiriú mar:

1. faisnéis a iarraidh: faisnéis a cheanglaítear ar an soláthraí cláráithe agus nó ar an duine atá i gceannas a chur isteach mar chuid dá (h)oibleagáidí reachtúla, amhail fógraí nó foirmeacha iarratais nó faisnéis a iarrann cigirí ar sholáthraí. Ciallaíonn sé freisin faisnéis a iarraimid ar sholáthraithe a chur isteach mar chuid d'athbhreithnithe monatóireachta nó téamacha. In 2023, fuair an Príomhchigire 49,635 píosa faisnéise iarrtha.
2. faisnéis gan iarraidh: faisnéis nach n-iarrtar ach a fhaigheann an Príomhchigire ó dhaoine a úsáideann seirbhísí nó ó aon duine den phobal. D'fhéadfadh faisnéis a bheith san áireamh anseo a thabharfadh le fios nach bhfuil lárionad nó seirbhís ainmnithe ag comhlíonadh na rialachán nó na gcaighdeán. D'fhéadfadh moladh nó tráchttaireacht ghinearálta a bheith ann faoi ionad, seirbhís nó soláthraí. Déantar athbhreithniú ar an bhfaisnéis ar fad a fhaightear i gcomhthéacs an ionaid lena mbaineann sé.

Tugann na hailt seo a leanas forbhreathnú gairid ar an ngníomhaíocht rialála a rinneadh in 2023. Foilseoidh Príomhchigire na Seirbhísí Sóisialta tuarascáil forbhreathnaithe do gach réimse níos déanaí i mbliana ina dtabharfar níos mó sonraí faoin ngníomhaíocht seo.

1 Is éard atá sa tuarascáil bhliantúil seo ná tuarascáil Phríomhchigire na Seirbhísí Sóisialacha, mar atá leagtha amach san Acht Sláinte 2007.

### 4.1.1 Rialú agus faireachán ar sheirbhísí leanaí

Déanaimid monatóireacht agus cigireacht ar raon seirbhísí a sholáthraíonn soláthraithe reachtúla agus neamhreachtúla do leanaí. Is iad na seirbhísí seo ná:

- ▶ ionaid chónaithe do leanaí (reachtúil)
- ▶ cúram altrama (reachtúil agus neamhreachtúil)
- ▶ aonaid chúraim speisialta (ionaid ainmnithe)
- ▶ seirbhísí cosanta agus leasa leanaí (reachtúil)
- ▶ Campas Coinneála Leanaí Bhaile an Oibricigh.

In 2023, léirigh go leor seirbhísí leanaí leibhéil mhaithe comhlíonta i gcoinne na gcaighdeán náisiúnta, agus ní raibh go leor ball foirne cáilithe, oilte agus le taithí cuí ag seirbhísí eile — go háirithe iad siúd a bhí á reáchtáil ag an nGníomhaireacht um Leanaí agus an Teaghlach (Tusla) — chun seirbhísí comhsheasmhacha agus tráthúla a sholáthar do roinnt leanaí.

Chiallaigh sé seo go raibh líon suntasach leanaí ag fanacht le teacht ar an tseirbhís cheart ag an am ceart agus cuireadh roinnt leanaí i seirbhísí nach raibh oiriúnach dá riachtanais mheasúnaithe. Chuir an Príomhchigire na rioscaí seo ar aghaidh chuig Príomhoifigeach Feidhmiúcháin Tusla. Ag druidim le deireadh 2023, tugadh isteach clár méadaithe soláthraithe chun athbhreithniú a dhéanamh ar sheirbhísí cosanta agus leasa leanaí Tusla agus ar sheirbhísí cúraim altrama, a thiocfaidh chun críche ag deireadh 2024.

Bhí cearta leanaí ag croílár ár gcuid oibre i rith na bliana. Dhírigh muid go háirithe ar a gcearta chun éisteacht leo agus a bheith rannpháirteach. Le linn ár gcigireachtaí in 2023, thug 170 leanbh, tuismitheoir, caomhnóir, cúramóirí altrama agus baill foirne aiseolas ar a dtaithe ar an tacaíocht a fuair siad ó sheirbhísí. Le tacaíocht ó dhaoine óga, óna dtuismitheoirí, ó sheirbhísí cónaithe reachtúla Tusla agus Campas Coinneála Bhaile an Oibricigh chuireamar comhairliúchán i gcrích le leanaí a d'úsáid na seirbhísí seo. Mar thoradh air seo forbraíodh agus cuireadh i bhfeidhm tuairisc chigireachta achomair do leanaí ag deireadh 2023. Tar éis na cigireachta, roinntear an tuairisc chigireachta achomair leis na leanaí chun ár dtorthaí a thabhairt chun suntais leo ar bhealach inrochtana.

### Iniúchtaí

I rith 2023, rinneamar 48 iniúchadh, lena n-áirítear:

- ▶ Naoi iniúchadh ar sheirbhísí cosanta agus leasa leanaí Tusla i gcoinne na *gCaighdeán Náisiúnta um Chosaint agus Leas Leanaí (2012)*. Áiríodh leis seo:
  - ceithre iniúchadh ar nós imeachta tuisceana um dhrochúsáid leanaí na gníomhaireachta leanaí agus teaghlaigh,
  - dhá iniúchadh ag díriú ar leanaí atá i mbaol leanúnach díobhála suntasach atá liostaithe ar an gcóras fógra um chosaint leanaí,
  - dhá iniúchadh ar leanaí scartha Tusla atá ag lorg seirbhíse cosanta idirnáisiúnta, agus
  - iniúchadh riosca-bhunaithe amháin.


Bhí éagsúlacht i dtorthaí na n-iniúchtaí, ach ba léir go raibh tionchar ag bearnaí san fhoireann agus rátaí atreoraithe méadaithe ar thráthúlacht agus ar cháilíocht na seirbhíse a cuireadh ar fáil do roinnt leanaí.



- ▶ Sé iniúchadh ar sheirbhísí cúraim altrama neamhrechtúla ag díriú ar rialachas na seirbhíse, earcú agus coinneáil cúramóirí altrama, ar mheaitseáil leanaí le cúramóirí, oiliúint, tacaíocht agus maoirseacht a chuirtear ar fáil do chúramóirí altrama. Chuir formhór na soláthraithe seirbhísí seo béim ar fheabhsú cáilíochta, chuir siad cearta leanaí chun cinn agus thairg siad raon leathan tacaíochta dá gcúramóirí.
  - ▶ Seacht n-iniúchadh ar sheirbhísí cúraim altrama reachtúla lena n-áirítear iniúchadh amháin ar leanaí Tusla atá ag lorg cosaint idirnáisiúnta ó thaobh cúram altrama de. Dhírigh na hiniúchtaí seo ar chaighdeáin a bhaineann le cearta leanaí, measúnú a dhéanamh ar riachtanais leanaí, cúramóirí a mheaitseáil le leanaí agus daoine óga, agus cúramóirí altrama a earcú agus a choinneáil. Ba dhúshlán é acmhainní a chur ar fáil do sheirbhísí cúraim altrama d'fhormhór na seirbhísí cúraim altrama reachtúla, i dtéarmaí dóthain oibríthe sóisialta a bheith acu chun a ndualgais reachtúla a chomhlíonadh agus freisin maidir le raon imleor de chúramóirí altrama ginearálta a earcú lena chinntiú go raibh socrúcháin oiriúnacha ar fáil do leanaí laistigh dá gceantair áitiúla.
  - ▶ Rinneadh 20 iniúchadh ar ionaid chónaithe reachtúla do leanaí i gcoinne na *Caighdeáin Náisiúnta d'Ionaid Chónaitheacha Leanaí* (2018). Dhírigh na hiniúchtaí ar chearta leanaí, ar chosaint, ar bhainistiú iompair agus ar rialachas an ionaid, lena n-áirítear feabhsú cáilíochta. Léirigh formhór na seirbhísí seo comhlíonadh maith leis na caighdeáin. Ag druidim le deireadh 2023, sainaitníodh rioscaí sonracha in ionaid aonair ina raibh gá le feabhsuithe ar rialachas, ar sholáthar foirne agus ar chúram leanaí aonair. Ardaíodh na rioscaí seo go Tusla agus fuarthas freagraí sásúla.
  - ▶ Rinneadh cúig iniúchadh ar aonaid chúraim speisialta, trí iniúchadh gnáthamh monatóireachta agus dhá iniúchadh riosca-bhunaithe. Rinne na hiniúchtaí sin monatóireacht ar chomhlíonadh leanúnach na rialachán.
  - ▶ Rinneadh iniúchadh fógartha bliantúil amháin ar Champas Coinneála Leanaí Bhaile an Oibricigh a dhírigh ar an gcúram a chuirtear ar fáil do leanaí, ar chosaint, ar iompar ciontaithe, ar bhainistiú agus ar mhaoirseacht na foirne agus ar chleachtais sriantacha.
- As na 48 iniúchadh a rinneadh, fógraíodh 33 (69%) agus bhí 15 (31%) gan réamhfhógra.

## Fíor 1

Céatadán na n-iniúchtaí fógartha agus neamhfhógartha ar sheirbhísí leanaí in 2023



## Fáil Faisnéise

### Faisnéis a iarradh

I rith 2023, fuairamar:

- ▶ 54 fógra maidir le teagmhais thromchúiseacha lena n-áirítear bás leanaí faoi chúram ó Tusla. Ceanglaítear ar Tusla fógra a thabhairt do HIQA maidir le básanna agus teagmhais thromchúiseacha a bhaineann le leanaí faoi chúram agus le leanaí atá ar eolas ag a sheirbhís um chosaint agus leas leanaí. Rinneadh measúnú agus rátáil riosca ar an bhfaisnéis go léir a fuarthas agus úsáideadh é chun eolas a dhéanamh dár gclár monatóireachta.
- ▶ Ocht dtuarascáil ón bPainéal Athbhreithnithe Náisiúnta a bhaineann le teagmhais thromchúiseacha agus básanna a bhaineann le leanaí faoi chúram agus/nó leanaí a bhfuil aithne ag an tseirbhís um chosaint agus leas leanaí orthu.
- ▶ 28 tuairisc mhonatóireachta Tusla.
- ▶ 153 píosa faisnéise maidir le dearbhú cáilíochta in ionaid chónaithe do leanaí agus in ionaid shainithe cúraim speisialta agus glaonna míosúla a reáchtáil idir sealbhóir an cháis agus an duine atá i gceannas nó bainisteoir an ionaid.
- ▶ 226 fógra ó aonaid chúraim speisialta lena n-áirítear; 163 fógra monatóireachta, 10 bhfógra clárúcháin agus 53 cinn eile.

### Faisnéis gan iarraidh

I rith 2023, fuairamar 93 phíosa aiseolais, méadú 11% ar fhigiúirí 2022. Bhain 44 díobh seo le seirbhísí cosanta agus leasa leanaí, bhain 28 le seirbhísí cúraim altrama, bhain ocht gcinn le haonaid chúraim speisialta, agus bhain 13 le seirbhísí cónaithe reachtúla leanaí. Déantar athbhreithniú agus rátáil riosca ar gach aiseolas agus, nuair is cuí, úsáidtear é chun monatóireacht a dhéanamh ar na seirbhísí leanaí atá faoinár sainchúram.

#### 4.1.2 Rialú lárionaid ainmnithe do dhaoine (daoine fásta agus leanaí) faoi mhíchumas

D'fhan cearta cónaitheoirí mar phointe fócasach agus lárionaid chónaithe ainmnithe do dhaoine faoi mhíchumas á rialáil in 2023.


I rith na bliana, thugamar faoi thionscadal chun béim a chur ar na buntáistí a bhain le soláthraithe a sholáthraíonn oiliúint ar chearta an duine don fhoireann agus an tionchar dearfach a bhí aige ar chónaitheoirí. Chuir feasacht níos fearr i measc na foirne ar a gcumas tacaíocht níos fearr a thabhairt do chónaitheoirí a gcearta a fheidhmiú. Chun foghlaim chomhroinnte a chur chun cinn, áiríodh samplaí den chaoi ar bhain baill foirne leas as an oiliúint chun seasamh le cearta na gcónaitheoirí i dtuarascálacha cigireachta agus cuirfear i láthair iad i dtuarascáil achoimre in 2024.

Chuamar i dteagmháil freisin le cónaitheoirí agus le grúpaí abhcóideachta i rith na bliana. Mar shampla, bhíomar i dteagmháil le cónaitheoirí chun ceistneoir na gcónaitheoirí a athbhreithniú agus a nuashonrú. Bunaithe ar a n-aiseolas, sheolamar ceistneoir cónaitheoirí athbhreithnithe agus níos inrochtana i mí Dheireadh Fómhair 2023. Ina theannta sin, thugamar cuireadh do ghrúpa cónaitheoirí agus dá muintir bualadh le cigirí ionas go gcloisfimis go díreach ó chónaitheoirí faoina dtaithí ar aistriú ó shuíomh comhchruinnithe go tithe níos lú sa phobal.

In 2023, fuair amach gur sholáthair formhór na n-ionad cónaithe sainithe do dhaoine faoi mhíchumas cúram agus tacaíocht de chaighdeán maith nó den scoth. Cé go raibh neamhchomhlíonta ann, léirigh formhór na soláthróirí dea-rialachas agus cumas chun aghaidh a thabhairt ar na saincheisteanna go héifeachtach. Nuair nach raibh sé seo amhlaidh, áfach, d'úsáideamar ár gcumhachtaí rialála chun ceangal a chur ar sholáthróirí feabhsuithe a dhéanamh.

## Fíor 2

Comhlíonadh foriomlán in ionaid ainmnithe do dhaoine faoi mhíchumas in 2023




## Ionaid ainmnithe chláráithe

Faoi dheireadh na bliana 2023, bhí 1,574 ionad ainmnithe do dhaoine faoi mhíchumas. Is glanmhéadú é seo de 96 ionad i gcomparáid le 2022. Chuir na hionaid seo 9,147 áit chónaithe ar fáil, méadú de 177 ar an mbliain roimhe sin. Díobh seo, bhí 1,434 ionad do dhaoine fásta, 106 do leanaí go sonrach agus 34 do dhaoine fásta agus do leanaí araon. De ghnáth b'ionaid faoisimh a bhí sna hionaid mheasctha ina raibh cóiríocht ag daoine fásta agus leanaí ag amanna éagsúla nó ionaid ina raibh na cónaitheoirí ag aistriú go haosacht agus ar mhian leo fanacht ina gcónaí le chéile.

Léiríonn an graf seo a leanas an méadú leanúnach ar ionaid ainmnithe ó cuireadh tús leis an rialáil agus an méadú réamh-mheasta sna blianta atá le teacht bunaithe ar bhlianta roimhe sin.

### Fíor 3

Treocht bliain i ndiaidh bliana ar líon na n-ionad ainmnithe do dhaoine faoi mhíchumas



### Láthair chomhchónaithe

Toradh comhsheasmhach ar fud ár gcuid oibre is ea go bhfuil riosca níos airde ann do shábháilteacht agus folláine na gcónaitheoirí agus leibhéil níos airde neamhchomhlíonta i suíomhanna comhchruinnithe i gcomparáid le seirbhísí cónaithe pobalbhunaithe níos oiriúnaí.

Ag deireadh 2023, bhí 2,256 áit chónaithe cláraithe i suíomhanna comhchruinnithe i gcomparáid le 2,279 san iomlán ag deireadh 2022. Ba mhoilliú suntasach é seo ar aistriú daoine ó shuíomhanna comhchruinnithe, le laghdú 23 áit i gcomparáid le laghdú 140 áit in 2022.


### Gníomhaíocht iniúchta agus freagairt rialála

I rith 2023, chríochnaíomar 1,268 iniúchadh ar ionaid do dhaoine faoi mhíchumas, lena n-áirítear 147 iniúchadh dírithe ar chosc agus rialú ionfhabhtuithe agus 89 iniúchadh dírithe ar chleachtas sriantach.

As na 1,268 iniúchadh a críochnaíodh, fógraíodh 30%, fógraíodh 9% ar ghearrfhógra agus an 61% eile gan réamhfhógra.

**Fíor 4**


Céatadán na n-iniúchtaí fógartha agus neamhfógartha ar ionaid ainmnithe do dhaoine faoi mhíchumas a rinneadh in 2023



Rinneadh cigireacht amháin ar fhoirmhór na n-ionad (963) ar tugadh cuairt orthu in 2023. Léiríonn sé seo go raibh leibhéal maith comhlíonta acu agus, sa chás go raibh neamhchomhlíonta, gur fhreagair an soláthraí go cuí. I gcomparáid leis sin, bhí dhá iniúchadh de dhíth ar 136 ionad chun monatóireacht a dhéanamh ar chomhlíonadh, agus bhí trí iniúchadh leantach nó níos mó ag teastáil ar 10 n-ionad.

**Fíor 5**

Céatadán na gcuartheanna iniúchta in aghaidh an ionaid a ndearnadh iniúchadh orthu in 2023



## Fáil Faisnéise

### Faisnéis a iarradh

Le linn 2023, fuarthas 29,419 fógra maidir le seirbhísí do dhaoine faoi mhíchumas.

### Faisnéis gan iarraidh

I rith 2023, fuair an Príomhchigire 327 píosa aiseolais a bhain le hionaid mhíchumais, méadú 12.4% ar an líon a fuarthas in 2022.

### Forfheidhmiú rialála

In 2023, d'eisíomar 30 litir rabhaidh chuig soláthraithe ina raibh leibhéal ard neamhchomhlíonta. Chuir na litreacha seo in iúl do sholáthraithe go ndéanfaí machnamh ar chlárú a n-ionad a chealú mura bhfeabhsódh siad a leibhéal chomhlíonta. Ina dhiaidh sin, eisíodh fógraí maidir le cinneadh beartaithe clárú a chealú nó a dhiúltú i ndáil le 10 n-ionad ainmnithe. Tugann an tAcht Sláinte 2007 28 lá do sholáthróirí uiríll a dhéanamh mar fhreagra ar na fógraí seo. I naoi gcinn de na hionaid, thug na soláthraithe aghaidh ar na hábhair inmí agus níor leanadh ar aghaidh le clárú a chealú nó a dhiúltú. Mar sin féin, in ionad amháin atá á oibriú ag Ability West, lean cigirí ar aghaidh ag aimsiú droch-sábháilteachta agus cáilíochta cúraim do chónaitheoirí. I mí Mheán Fómhair 2023, cuireadh an clárúchán ar ceal agus ghlac FSS seilbh ar oibriú an ionaid i gcomhréir le ceanglais an Achta.

I rith na bliana, d'aithníomar meath suntasach ar leibhéal chomhlíonta in ionaid a bhí á n-oibriú ag trí eagraíocht mhóra soláthraithe, Fondúireacht COPE i gCorcaigh, Cumann Cúraim an Iarthair i Maigh Eo agus Ability West i nGaillimh, rud a bhí ag cur isteach ar shábháilteacht agus ar cháilíocht beatha na gcónaitheoirí sna hionaid seo. Ní raibh dóthain maoirseachta ag na soláthraithe seo ar a n-ionaid, níor aithin siad cathain a bhí rudaí ag dul amú agus níor léirigh siad cumas chun dul i ngleic leis na neamhchomhlíonta a shainaithin cigirí. Bhí an baol ann go gcuirfí an clárúchán ar ceal do raon dá n-ionad agus seachas dul ar aghaidh leis an ngníomh sin, tugadh deis dóibh a bheith rannpháirteach i gclár formhéadaithe rialála ag leibhéal an tsoláthraí. Éascaíonn na cláir sin soláthraithe chun a rialachas a fheabhsú, aghaidh a thabhairt ar na réimsí inmí ina n-ionaid agus cosc a chur ar chealú a gclárúchán, agus ar an anacair ghaolmhar is cúis le cealú do chónaitheoirí agus dá ngaolta. Leanann cigirí ag déanamh monatóireachta ar na hionaid seo.

#### 4.1.3 Rialú Lárionaid Ainmnithe do Dhaoine Scothaosta

In 2023, lean cigirí na seirbhísí sóisialta ar aghaidh ag iniúchadh agus ag rialú ionaid ainmnithe do dhaoine scothaosta, ar a dtugtar tithe altranais. Dhírigh na cigirí ar a chinntiú go seasadh le cearta na gcónaitheoirí agus go dtugtar aire mhaith do chónaitheoirí agus go dtugtar tacaíocht dóibh chun an caighdeán beatha is fearr a bheith acu. Chun a chinntiú go raibh riachtanais agus guthanna na gcónaitheoirí i dtithe altranais ag croílár rialú na dtithe altranais, ghlac cigirí am chun labhairt le cónaitheoirí agus gaolta ar iniúchadh agus cuirimid achoimre ar a n-aiseolas i láthair inár dtuarascálacha iniúchta.

Tá CCST ar cheann de na ceithre choiste a bhfuil de chúram orthu ábhair a fhorbairt chun tacú le comhlíonadh an Achta um Chomhroinnt agus Rialachas Sonraí 2019. Tá HIQA ar CCST chun cabhrú le forbairt Creata Eitice Comhroinnte Sonraí. Tháinig an Coiste le chéile sé huair le linn 2023.

### **Comhlacht Sainathbheithithe ar Altranais agus ar Chnáimhseachas - Grúpa Gníomhaíochta Cur chun Feidhme**

Tá HIQA ar an nGrúpa Gníomhaíochta Cur chun Feidhme den Chomhlacht Sainathbheithithe (CS) ar Altranais agus ar Chnáimhseachas a bhfuil sé de chúram air bearta praiticiúla a mhol, a fhorbairt agus a sholáthar chun tacú le cur chun feidhme molta sonracha maidir le sláinte dhigiteach a leagtar amach i dtuarascáil CS. Cabhróidh an grúpa le tacú le cur chun feidhme an treochláir dhigitigh d'altranais agus do chnáimhseachas (2019-2024) agus le forbairt an íostacair náisiúnta sonraí do phríomhdhoiciméadú altranais agus cnáimhseachais. Tháinig an Grúpa le chéile ocht n-uair le linn 2023.

## Grúpa Rialachais Náisiúnta Foclóra Sonraí um Chúram Sláinte agus Cúram Sóisialta FSS

Tá HIQA ina bhall den ghrúpa seo chun comhairle a sholáthar maidir le treo straitéiseach agus rialachas an tionscadail seo.

## An Coiste Comhairleach um Fhaisnéisíocht Sláinte an Údaráis um Chaighdeáin Náisiúnta na hÉireann TC 21 (CCFS ÚCNÉ)

Glacann coiste CCFS HIQA páirt in obair Choiste um Fhaisnéisíocht Sláinte TC 215 de chuid Eagraíocht Idirnáisiúnta na gCaighdeán (EIC) agus in obair an Choiste Eorpaigh um Chaighdeánú (CEC) TC 251). Pléitear caighdeáin Faisnéisíochta Sláinte á bhforbairt faoi láthair ag CEC agus ag ISO agus comhaontaítear freagraí foirmiúla. Ina theannta sin, cuireann an coiste freagraí ar fáil go rialta ar chomhairliúchán ar chaighdeáin faisnéise sláinte in Éirinn.

## Grúpa Rialachais SNOMED CT FSS

Déanann HIQA cathaoirleacht ar an ngrúpa seo, a sholáthraíonn comhairle maidir le treo straitéiseach agus rialachas an Ionaid Taighde Náisiúnta de chuid SNOMED na hÉireann.

## Tionscnamh Eorpach um 1+ Milliún Géanóm

Tá HIQA rannpháirteach sa Tionscnamh Eorpach um 1+ Milliún Géanóm trí Ghrúpa Scátháin Náisiúnta na Roinne Sláinte agus trí dhá mheitheal AE: Caighdeáin Sonraí agus Meiteashonraí agus Caighdeáin Cháilíochta. Tá sé mar aidhm ag 1+ Milliún Géanóm rochtain shlán ar ghéanómaíocht agus sonraí cliniúla comhfhreagracha ar fud na hEorpa a chumasú le haghaidh taighde níos fearr, cúram sláinte pearsantaithe agus beartas sláinte.

## Bord Tionscadail FSS um Chomhdú Táirgí Míochaine Náisiúnta

Is breathnóir é HIQA ar an mbord tionscadail seo, a sholáthraíonn comhairle maidir le forbairt agus chur chun feidhme an chomhaid náisiúnta táirgí míochaine a sholáthróidh an liostú cógas le haghaidh an ríomhréitigh náisiúnta um ordú oideas.

## Bord Tionscadail FSS um Ríomhordú Oideas Náisiúnta

Is breathnóir é HIQA ar an mbord tionscadail seo, a sholáthraíonn comhairle maidir le forbairt agus cur chun feidhme an réitigh náisiúnta um ríomhordú oideas.

## Bord Próisis Bainistíochta FSS um Shonrúchán Tacair Sonraí

Is breathnóir é HIQA ar an mbord tionscadail seo, a sholáthraíonn comhairle maidir le forbairt agus sonrúchán tacair sonraí le haghaidh tionscadail agus clár FSS.

## Grúpa Comhairleach Páirtithe Leasmhara um Thionscadal Taighde COSTAS go CÚRAM

Tá HIQA ina bhall den Ghrúpa Comhairleach Páirtithe Leasmhara ag tacú le hOllscoil Chathair Bhaile Átha Cliath le tionscadal ceithre bliana dar teideal COSTAS go CÚRAM: Le húsáid ghnáthshonraí ar scaoil amach ón ospidéal agus tomhas ar chúram altranais a cailleadh, dul i ngleic le costas eacnamaíoch agus daonna na dteagmhas díobhálach a tharla d'othair scothaosta in ospidéal nó de bharr altranais.

### **Achoimre Bheartais de chuid Choimisiúin Eacnamaíochta na Náisiún Aontaithe don Eoraip (CENAE)**

Chuir HIQA le *hAchoimre Bheartais maidir le hAosú* Uimh. 28 de chuid Choimisiúin Eacnamaíochta na Náisiún Aontaithe don Eoraip atá dírithe ar na dúshlán roimh dhaoine scothaosta ar leochaileach a gcás. Chuireamar i láthair ár *gCaighdeán Náisiúnta um Chosaint Daoine Fásta* agus conas a cheanglaíonn siad le beartas náisiúnta ag seoladh na hachóimre seo i mí an Mheithimh 2023, in éineacht le comhghleacaithe idirnáisiúnta as an Ollainn, Sasana agus an Mholdóiv.

### **Coiste Pleanála Comhdhála Bliantúla LIGMTS**

Bhí Stiúrthóir MTS rannpháirteach i dtrí chruinniú de Choiste Pleanála Comhdhála Bliantúla LIGMTS in 2023.

### **Coiste Pleanála agus Comhairle CICTT MTS**

Bhí Stiúrthóir MTS rannpháirteach in aon chruinniú amháin de Chomhairle CICTT MTS agus i dtrí chruinniú de Choiste Pleanála Mhullach Íocóra CICTT MTS. Rinne sí comhchathaoirleacht ar Chruinniú Comhcheime MTS de chuid CICTT na hEorpa i gCóbánhávan i mí na Samhna 2023.

### **Cinn AE de Ghrúpa Gníomhaireachta MTS**

Bhí Stiúrthóir MTS rannpháirteach i dtrí chruinniú de Chinn AE de Ghrúpa Gníomhaireachta MTS in 2023.

### **Comhghuailíocht Straitéiseach Gníomhaireachtaí MTS Ceiltí**

Bhuail Stiúrthóir MTS lena leithéidí ó Theicneolaíocht Sláinte na Breataine Bige agus ó Ghrúpa Teicneolaíochtaí Sláinte na hAlban trí huairt chun gníomhaíochtaí MTS a phlé i gcomhréir lenár meabhrán tuisceana.

### **An Cheardlann ‘Forbairtí i Suirbhéanna Eispéiris Othar’ ag an gComhdháil Eorpach Sláinte Poiblí**

I gcomhpháirtíocht le FSS, an Roinn Sláinte agus comhoibrithe acadúla, d'éascaigh HIQA ceardlann dar theideal ‘Forbairtí i Suirbhéanna Eispéiris Othar’ ag an 16ú Comhdháil Eorpach Sláinte Poiblí i mBaile Átha Cliath. Chlúdaigh an cheardlann iliomad ábhar, lena n-áirítear treochoirleach agus cleachtais idirnáisiúnta i suirbhéanna eispéiris imothar, conas dul i dteagmháil le rannpháirtithe suirbhé atá faoi mhéala go tuisceanach, fianaise inghníomhaithe a ghineadh ó aiseolas suirbhé saor ó théacs, freagraí eispéiris othar a chomhtháthú le príomh-mhéadraig eile chun cáilíocht chúraim agus sábháilteacht othar a thuiscint agus a fheabhsú, conas is féidir le sonraí eispéiris othar eolas a dhéanamh do bheartas agus do chleachtas.



## An Institiúid Eorpach um Nuálaíocht agus Teicneolaíocht (IENT) Sláinte

Bhí HIQA rannpháirteach i bplé cruinnithe comhchéime a bhí faoi stiúir Shláinte IENT dar theideal ‘Fís agus ullmhacht: Cén acmhainn atá ag Spás Sonraí Sláinte na hEorpa agus cé chomh ullmhaithe is atá Éire chun na tairbhí a fhíorú?’

Chuir HIQA tuilleadh le tuarascáil faoi stiúir EIT a foilsíodh ar ‘Spás Sonraí Sláinte na hEorpa a Chur chun Feidhme in Éirinn’ ina leagtar amach creat nua a bhfuil sé ar intinn aige eolas faoi shláinte saoránach ar fud AE a chur ar fáil do ghrúpaí éagsúla ar bhealach níos éasca ionas gur féidir leo rochtain a fhail air agus é a úsáid agus ina léirítear sraith moltaí chun an creat a chur chun feidhme.

## Grúpa Stiúrtha ar Cháilíocht agus ar Shábháilteacht feidhmeanna liachta radaíochta ianaíche (GSCS)

Soláthraíonn GSCS ardán coiteann Eorpach chun tacú le cur chun feidhme agus comhtháthú na riachtanas Eorpach maidir le cosaint ar radaíocht agus caighdeán cáilíochta agus sábháilteachta eile i gcórais shláinte thíortha AE. Forbraíonn sé fianaise ardcháilíochta, treoracha cliniciúla agus uirlisí praiticiúla, agus tacaíonn sé lena gcur chun feidhme i gcleachtas cliniciúil ar fud na hEorpa. I mí na Samhna 2023, rinne Agnella Craig, Stiúrthóir Réigiúnach, Nochtadh Míochaine do Radaíocht Ianaíoch, ionadaíocht do HIQA ag Ard-Stiúrthóireacht um Fhuinneamh AE ag 5ú cruinniú iomlánach GSCS i Lucsamburg.



*Sa phictiúr thuas: Agnella Craig, Bainisteoir Réigiúnach um Nochtadh Míochaine do Radaíocht Ianaíoch HIQA, le Filip Maksan, Georgi Simeonov agus Michael Huebel*

## Coiste Stiúrtha LIT LIGMTS

Tugadh cuireadh do HIQA chuig Coiste Stiúrtha LIT LIGMTS agus chuaigh sé isteach leis, coiste a scrúdaíonn modhanna coitianta agus a éascaíonn comhoibriú agus comhroinnt táirgí idir MTS (arna ionadú ag LIGMTS) agus na pobail treoirlíne (arna n-ionadú ag L-I-T).

## Sintéis Fianaise Éireann

Bhí Stiúrthóir MTS rannpháirteach sa Bhord Chomhairleach Idirnáisiúnta do Shintéisí Fianaise na hÉireann (SFE). Is tionscnamh uile-Éireann é SFE, lena n-áirítear Éire Cochrane, arna maoiniú ag an mBord Taighde Sláinte agus ag an Rannóg um Shláinte agus Cúram Sóisialta, Taighde agus Forbairt (SCS T&F) de chuid na Gníomhaireachta Sláinte Poiblí i dTuaisceart Éireann. Tá sé mar aidhm ag SFE cur le heolas sintéise fianaise, feasacht agus cumas i measc an phobail, institiúidí sláinte agus lucht déanta beartas, cliniceoirí agus taighdeoirí ar fud oileán na hÉireann.

### **Coiste Athbheithnithe Teicneolaíochta FSS um Chlár Náisiúnta Rialaithe Ailse**

In 2023, ionadaíodh HIQA ag ocht gcrúinniú as naoi gcrúinniú de chuid Choiste Athbheithnithe Teicneolaíochta FSS um Chlár Náisiúnta Rialaithe Ailse.

### **Coistí agus Tascgrúpaí Galar Neamhchoitianta**

Ionadaíodh HIQA ag an gCoiste Athbheithnithe Teicneolaíochta um Tháirgí Míochaine Galar Neamhchoitianta de chuid FSS agus tá sé ag leanúint d'ionadaíocht ag an Tascgrúpa Fuilspota de chuid Choiste Scagthástála Náisiúnta RA.

### **Grúpa Comhordaithe agus Comh-fhoghrúpaí um Measúnú Cliniciúil agus Modheolaíocht le cur chun feidhme Rialachán MTS a stiúradh**

Déanann HIQA ionadaíocht d'Éirinn ar an nGrúpa Comhordaithe agus a Chomh-fhoghrúpaí um Measúnú Cliniciúil agus Modheolaíocht chun cur chun feidhme Rialachán MTS a stiúradh a bhfuiltear ag súil leis go mbeidh sé i bhfeidhm faoi mhí Eanáir 2025. D'fhreastail HIQA ar chúig chruinniú an Ghrúpa Comhordaithe in 2023. Bhí sé chruinniú de chuid Comh-fhoghrúpaí um Measúnú Cliniciúil in 2023 agus dhá chruinniú de chuid an Fhoghrúpa um Modheolaíocht.

### **Cumas agus eolas a thógáil do chur chun feidhme Rialacháin um Measúnú ar Theicneolaíocht Sláinte AE (RMTS)**

Chuaigh HIQA i rannpháirtíocht le comhghleacaithe Eorpacha MTS ar an tairiscint de chuid an Choimisiúin Eorpach (CE) faoi Chumas agus eolas a thógáil do chur chun feidhme Rialacháin um Measúnú ar Theicneolaíocht Sláinte AE (RMTS). Déanann Stiúrthóir MTS ionadaíocht d'Éirinn ar Choiste MTS CE a dhéanann maoirseacht ar fhorbairt na ngníomhartha cur chun feidhme do rialachán MTS.

### **Meitheal CEUICR ar Fheidhmeanna Leighis, ag an Údarás Ioruach um Shábháilteacht Radaíochta agus Sábháilteacht Núicléach**

I mí Mheán Fómhair 2023, d'fhreastail HIQA ar Mheitheal um Fheidhmeanna Liachta de chuid Cheann Eorpach Údarás Inniúil um Chosaint ar Radaíocht (CEUICR), ag an Údarás Ioruach um Shábháilteacht Radaíochta agus Sábháilteacht in Osló, an Iorua.



*Sa phictiúr thuas: (CEUICR) Meitheal um Fheidhmeanna Liachta in Osló*

## Imeachtaí agus comhdhála

Le linn 2023, chuir fostaithe HIQA obair na heagraíochta i láthair ag roinnt comhdhála agus imeachtaí, lena n-áirítear:

- ▶ 16ú Comhdháil Eorpach um Shláinte Phoiblí
- ▶ 23ú Comhdháil Idirnáisiúnta um Chúram Comhtháite (CICC)
- ▶ 2ú Comhdháil Uile-Éirinn um Chúram Comhtháite
- ▶ 6ú Comhdháil Taighde RA agus na hÉireann um Eolaíocht Cur chun Feidhme
- ▶ 70ú Cruinniú Eolaíoch Bliantúil Chumann Geirinteolaíoch na hÉireann
- ▶ 9ú Comhdháil Bhliantúil Líonra OTDSSS
- ▶ Am chun Gnímh: Feabhas ar Cháilíocht a Spreagadh i gCúram Othar
- ▶ Siompóisiam Taighde Iarchéime de chuid Scoil Ghnó Ollscoil Chorcaí
- ▶ An Roinn Sláinte, Comhdháil Fianaise do Leasú: Nuair a Thagann Taighde agus Beartas le Chéile
- ▶ Comhdháil Cumainn Eorpaigh um Fhaisnéis Sláinte agus Leabharlanna, an Iorua
- ▶ Comhdháil an Chomhair Eorpaigh Cur chun Feidhme
- ▶ Fóram Eorpach um Theicneolaíocht an Leighis
- ▶ Comhdháil Eorpach um Sheirbhísí Sóisialta
- ▶ Cruinniú Mullaigh na Todhchaí
- ▶ Comhdháil um Thodhchaí na gClárlann Othar
- ▶ Comhdháil an Líonra Idirnáisiúnta Treoiríne (LIT), Glaschú
- ▶ Bord Taighde Sláinte agus an Oifig Náisiúnta le haghaidh Eitic Thaighde Comhdháil Náisiúnta na gCoistí um Eitic Thaighde
- ▶ Comhdháil Bhliantúil an Ghrúpa Leabharlann Eolaíochta Sláinte
- ▶ Comhdháil Córas Sláinte: Muinín agus Claochlú
- ▶ Comhdháil idirnáisiúnta um Measúnú ar Theicneolaíocht Sláinte (iMTS), an Astráil
- ▶ Comhdháil ar Theicneolaíocht na Sláinte 2023
- ▶ Líonra Máithreachais agus Imbhreithe de chuid Ospidéal a Thacaíonn le hOspís
- ▶ Comhdháil um Maoiniú Bunaithe ar Ghníomhaíochtaí FSS
- ▶ Comhdháil um Chomhar Níos Fearr le Chéile do Chúram Sláinte Digiteach FSS
- ▶ Comhoibriú Sonraí FSS
- ▶ Comhdháil um Chomhpháirtíocht Phobail agus Othar FSS

- ▶ Fóram Sláinte Cuimsithe (& RPO Las)

---

- ▶ 14ú Cruinniú Eolaíoch Bliantúil Chumann Galar Tógálach na hÉireann

---

- ▶ Bord Comhairleach Idirnáisiúnta do Shintéis Fianaise Éireann

---

- ▶ Comhdháil Ardán na hÉireann d'Eagraíochtaí Othair, Eolaíocht & Tionscal (AEEOET)

---

- ▶ Comhdháil Chumann na hÉireann um Micribitheolaithe Cliniciúla

---

- ▶ Comhdháil CICTT Eorpach 2023, Cóbanhávan

---

- ▶ Comhdháil Náisiúnta um Shláinte Dhigiteach 2023

---

- ▶ Comhdháil Bhliantúil na hOifige Náisiúnta um Shábháilteacht Othar

---

- ▶ Comhdháil Mhéala na Seirbhíse Náisiúnta Sláinte 2023

---

- ▶ Comhdháil Náisiúnta um Chúram Maolaitheach de chuid Ospís an Iarthuaiscirt

---

- ▶ Comhdháil Theach Altranais Éireann

---

- ▶ Comhdháil Náisiúnta Pobal agus seoladh Innéacs Díthe Pobal HP

---

- ▶ Cothromas agus Cuimsiú i gCúram Ailse Choláiste Ríoga na Máinliá in Éirinn, seimineár gréasáin faoi neamhionannas maidir le heispéireas othair

---

- ▶ Comhdháil um Thaighde ar Scagthástáil Ailse in Éirinn, Grúpa Taighde um Athrú Iompair Sláinte (Ollscoil na hÉireann, Gaillimh)

---

- ▶ Comhdháil Bhliantúil Chúram Sóisialta Éireann

---

- ▶ Comhdháil Taighde Todhchaí Choláiste an Leighis agus na Sláinte de chuid Choláiste na hOllscoile, Corcaigh

---

- ▶ Comhdháil um Chúram Othar Sábháilte de chuid Choláiste na hOllscoile, Corcaigh

---

- ▶ Plé Chruinnithe Comhchéime ar Chearta Daonna agus ar Dhlí Leighis Scoil an Leighis de chuid an Choláiste Ollscoile, Baile Átha Cliath

---

- ▶ Comhdháil um Chúram Othar Sábháilte de chuid Choláiste na hOllscoile, Corcaigh 2023

---

## Comhoibrithe Acadúla

Le linn 2023, chuir HIQA obair na heagraíochta i láthair do mhic léinn fochéime agus iarchéime ar roinnt cúrsaí amhail:

- ▶ BA (Onóracha) Cúram Sóisialta Ollscoil Teicneolaíochta, Baile Átha Cliath
- ▶ Baitsiléir Eolaíochta i bhFisiteiripe, Coláiste na Tríonóide, Baile Átha Cliath
- ▶ Máistreacht i Sláinte Phoiblí, Coláiste na hOllscoile, Corcaigh
- ▶ MSc in Ionfhabhtú Cúraim Sláinte, Coláiste na Tríonóide, Baile Átha Cliath
- ▶ MSc i mBainistíocht Cúraim Sláinte, Coláiste Ríoga na Máinliá na hÉireann
- ▶ MSc i mBainistíocht Seirbhísí Sláinte, Coláiste na Tríonóide, Baile Átha Cliath
- ▶ MSc in Altranas (Cáilíocht agus Sábháilteacht a Chur chun Cinn i gCúram Sláinte), Ollscoil Luimnigh
- ▶ Clár PhD OTDSSS, Coláiste na Tríonóide, Baile Átha Cliath

Chuir roinnt foirne HIQA le foilseacháin acadúla in 2023. Féach ar Aguisín 2 chun tuilleadh eolais a fháil le do thoil.

### Léargais inghníomhaithe a ghiniúint ó shonraí suirbhéanna ar eispéireas cúraim saor ó théacs ag baint úsáide as modhanna anailíseachta téacs cáilíochtúla agus ríomhaireachtúla

In 2023, lean HIQA d'obair le taighdeoirí agus le hacadóirí ag Ollscoil na hÉireann, Má Nuad ar thionscadal anailíse tánaistí arna mhaoiniú ag Bord Taighde Sláinte dar teideal 'Léargais inghníomhaithe a ghiniúint ó anailís ar ráitis saor ó théacs ón gClár Náisiúnta um Thaithí Chúraim ag úsáid modhanna anailíseachta téacs cáilíochtúla agus ríomhaireachtúla'. Áirítear sa tionscadal seo anailís mhionsonraithe ar bhreis is 70,000 ráiteas saor ó théacs faighte mar fhreagairt ar ár suirbhéanna, chomh maith le forbairt uirlise a éascóidh anailís níos éifeachtúla agus níos caighdeánaithe ar sonraí cáilíochtúla a gheofar i suirbhéanna san am atá romhainn. Tá an tionscadal faoi stiúir an Ollaimh Adegboyega Ojo ag Ollscoil na hÉireann, Má Nuad, le tacaíocht ó chomhiarratasóirí ón gClár Náisiúnta um Thaithí Chúraim, Dr Conor Foley agus Dr Daniela Rohde. Reáchtáladh iliomad imeachtaí rannpháirtíochta le páirtithe leasmhara ábhartha anuraidh chun scrúdú a dhéanamh ar réamhanailísí agus chun aschuir fhéideartha tionscadail a mhúnlú.

### Rannpháirtíocht Pobal Imeallaithe agus Sonraí fúthu a Fheabhsú

Ba chomhiarratasóir rathúil é HIQA le hOllscoil na hÉireann, Gaillimh ar scéim deontas Dámhachtainí Comhpháirtíochta Feidhmí de chuid an Bhoird Taighde Sláinte. Is é an teideal ar an tionscadal seo ná "Níl aon sonraí fúinn gan muid: Comhtháthú Neamhionannas Sláinte a Chomhdhearadh sa Suirbhé Náisiúnta ar Eispéireas Othar Cónaitheach chun Rannpháirtíocht Pobal Imeallaithe agus Sonraí fúthu a Fheabhsú". Tá an tionscadal faoi stiúir Dr Chris Noone ag Ollscoil na hÉireann, Gaillimh le tacaíocht ó chomhiarratasóirí Dr Lisa Ann Kennedy agus Dr Daniele Rohde ón gClár Náisiúnta um Thaithí Chúraim.

## Dámhachtain Imscrúdaitheora Nua an Bhoird Taighde Sláinte

Is comhiarratasóir é HIQA ar Dhámhachtain Imscrúdaitheora Nua an Bhoird Taighde Sláinte (DIN) faoi stiúir an Dr Barbara Clyne, BTS-CÉAÉC agus CRMÉ Ollscoil an Leighis agus na nEolaíochtaí Sláinte, dar teideal ‘Sintéis fianaise agus aistriúchán ar thorthaí d’fhorbairt treoirlíne cliniciúla náisiúnta: ag tabhairt aghaidhe ar riachtanais agus roghanna na ngrúpaí forbartha treoirlíne.’ Tá sé mar aidhm ag an taighde seo tacú le próisis forbartha treoirlíne cliniciúla atá mar bhunús ag an obair a dhéanann BTS-CÉAÉC trí ‘fhoireann uirlis’ a fhorbairt do tháirgeoirí fianaise agus d’úsáideoirí deiridh.

## Dámhachtain Chomhoibríoch Dochtúireachta an Bhoird Taighde Sláinte

Is comhiarratasóir é HIQA ar Dhámhachtain Chomhoibríoch Dochtúireachta an Bhoird Taighde Sláinte faoi stiúir an Ollaimh Susan Smith, CRMÉ agus Coláiste na Tríonóide, Baile Átha Cliath, a mhaoinigh clár dar teideal, ‘Ilghalracht chasta a bhainistiú i gcúram príomhúil: clár oiliúna dochtúireachta ildisciplíneach.’

Chuir an clár, a tháinig chun críche in 2023, comhoibriú le HIQA san áireamh chun measúnú a dhéanamh ar an ualach a chuireann cúram sláinte ar dhaoine a bhfuil dhá riocht sláinte nó níos mó acu, dá dtagraítear mar ilghalracht chomh maith. Rinne an taighde measúnú ar thionchar airgeadais ar dhaoine atá ina gcónaí i bpobal a bhfuil ilghalracht acu agus meastóireacht ar conas a chuireann daoine a bhfuil ilghalracht acu tosaíocht ar chúram sláinte nuair atá dúshlán inacmhainneachta rompu. Tá an taighde beartaithe chun eolas a dhéanamh do chinntí beartais fhéideartha san am atá romhainn ar theidil cúraim sláinte.

## Dámhachtain Comhpháirtíochta Feidhmí an Bhoird Taighde Sláinte

Ba chomhiarratasóirí iad seisear ball de Stiúrthóireacht MTS ar Dhámhachtain Comhpháirtíochta Feidhmí an Bhoird Taighde Sláinte faoi stiúir Dr Barbara Clyne, a bhí bunaithe i gColáiste Ríoga na Máinliá in Éirinn. Is comhoibriú é an tionscadal ‘Measúnú Mear ar Theicneolaíocht Sláinte (MMTS) in Éirinn: cathain atá siad ag teastáil uainn?’ idir taighdeoirí CRMÉ agus HIQA mar na húsáideoirí eolais, a bhfuil an aidhm iomlán aige chun tuilleadh sonraí a thabhairt faoi shainmhíniú agus ról MTSanna mear sa chomhthéacs maidir le heolas a dhéanamh do bheartas ar leibhéal náisiúnta, cinntí seirbhíse sláinte agus cleachtas idirnáisiúnta. Cuireadh tús leis an tionscadal seo i mí na Nollag 2023.

## Comhaltachtaí Iardhochtúireachta an Bhoird Taighde Sláinte – Dámhachtain um Thaighde a Chur i bhFeidhm i mBeartas agus i gCleachtas

Is comhoibriú é HIQA ar Dhámhachtain Comhaltachta Iardhochtúireachta an Bhoird Taighde Sláinte dar teideal, ‘Scaipeadh Taighde Sláinte a Bharrfheabhsú in Éirinn’, atá faoi stiúir Dr Melissa Sharp atá bunaithe in CRMÉ. Tá sé mar aidhm ag an tionscadal seo scrúdú a dhéanamh ar scaipeadh taighde sláinte in Éirinn, agus conas is féidir linn teagmháil idir taighdeoirí, speisialtóirí teagmhála agus na meáin a uasmhéadú. Cuireadh tús leis an tionscadal i mí na Nollag 2023.

## Dámhachtain Staidéir laistigh d’Athbhreithniú (SLA) de chuid Sintéis Fianaise Éireann (SFE)

Bronnadh Andrew Dullea, ár dTaighde Seirbhíse Sláinte, deontas SLA SFE in aice le comhghleacaithe MTS eile mar chomhiarratasóirí. Déanfaidh an tionscadal SLA, ‘Imscrúdú ar íogaireacht agus ar iomláine straitéisí cuardaigh atá tógtha ar uirlis minicíochta focail mianadóireachta téacsanna (PubReMiner) i gcomparáid le tógáil straitéise cuardaigh dea-chleachtais reatha’, tairbhe do na daoine sin atá ag oibriú i dtimpeallachtaí atá teoranta de réir easpa acmhainní agus cuirfidh sé le forbairt cumais chuimsithigh sintéise fianaise. Cuireadh tús leis an tionscadal seo i mí Mheán Fómhair 2023.


## Comhoibrithe acadúla a neartú

Rinne HIQA urraíocht do dheontas staidéir dochtúireachta ceithre bliana, a tháinig chun críche in 2023, chun taighde a dhéanamh ar na tosca a raibh tionchar acu ar ghlacadh agus ar chur chun feidhme caighdeán náisiúnta, chun eolas a dhéanamh d'obair caighdeán náisiúnta HIQA le haghaidh feidhm cúraim sláinte agus cúraim sóisialta. Rinneadh é seo i gcomhar le Coláiste na hOllscoile, Corcaigh agus Clár OTDSSS (Oideachas Taighde um Dhaonra Struchtúrtha agus Seirbhísí Sláinte). Shainaithin an taighde seo na príomhchumasóirí agus na baic a léiríonn fioreispéiris maidir le caighdeán cúraim sláinte agus cúraim shóisialta a chur chun feidhme i gcleachtas. Déanfaidh na torthaí seo eolas do straitéisí is féidir le HIQA a fhorbairt chun cabhrú le cur chun feidhme caighdeán náisiúnta laistigh de chúram sláinte agus de chúram sóisialta, chun feabhas a chur ar eispéiris agus ar thorthaí othar.

Lenár gcomhpháirtíochtaí acadúla, leanaimid de HIQA a chur chun cinn mar cheannairí smaoinimh agus mar phríomhthionchairí i réimse cúraim sláinte agus cúraim shóisialta. Agus muid ag obair go comhoibríoch san earnáil acadúil, téimid i rannpháirtíocht go luath i ngairmeacha beatha gairmithe todhchaíocha i gcúram sláinte agus i gcúram sóisialta, rud a léiríonn tiomantas HIQA do cháilíocht. Agus muid ag tógáil ar an gcomhoibriú le Coláiste na hOllscoile, Corcaigh, ceapadh Ceann Caighdeán HIQA mar Léachtóir Sinsearach Cliniciúil Taca le Scoil an Altranais agus Cnáimhseachais.



*Cathy Duggan agus Deirdre Connolly ag Comhdháil Bhliantúil Chúram Sóisialta Éireann, 'Cleachtas agus Caidrimh Cúram Sóisialta - Machnaimh Chriticiúla ar Chleachtas Bunaithe ar Chaidreamh' i gCeatharlach, mí an Mhárta 2023*



*Yvonne Kelly, mac léinn PhD inár Stiúthóireacht um Fhaisnéis agus um Chaighdeán Sláinte, ag cur a taighde ar chumasóirí agus ar bhaic do chur chun feidhme caighdeán náisiúnta ag Comhdháil Eorpach Chomhoibrithe um Chur chun Feidhme 2023*



*Dr Kevin O'Carroll, Bainisteoir Faisnéise Sláinte: Caighdeán agus Teicneolaíocht (sa lár), ag glacadh páirte i bplé painéil ag Cruinniú Mullaigh na Sláinte Cliste*



Bainisteoir Cáilíochta um Fhaisnéis Sláinte, Dr Barbara Foley, le comhaltaí de phlé cruinnithe comhchéime EIT ar an Spás Sonraí Sláinte na hEorpa in Éirinn



Tracy O'Carroll, Ceann an Chláir Náisiúnta um Thaithí Chúraim, ag Comhdháil Bhliantúil na hOifige Náisiúnta um Shábháilteacht Othar



Chuir Donnacha O Ceallaigh, Ceannasaí Cláir, i láthair faoin Suirbhé Náisiúnta Deireadh Saoil ag Comhdháil Bhliantúil na Comhpháirtíochta Albanáil um Chúram Maolaitheach



Marie Higgins, Ceannasaí Cláir Caighdeán Teicniúil, ag cur póstaer i láthair faoin Rannpháirtíocht Náisiúnta um Shláinte Dhigiteach agus Cúram Sóisialta do Colm Henry, Príomh-Oifigeach Cliniciúil ag FSS, ag Comhdháil Bhliantúil na hOifige Náisiúnta Sábháilteachta Othar



Linda Weir, Bainisteoir Caighdeán, ag cur le plé painéil ar Chúram Duinelárnach a Chur chun Cinn ag comhdháil na Seirbhísí Sóisialta Eorpacha





*D'fhreastail Kirsten O'Brien, Cigire ar nocthaí míochaine do radaíocht ianaíoch, ar cheardlann faoi thorthaí an chláir de chuid CEART TR AE do na Ballstáit de chuid an Aontais Eorpaigh*



*Baill d'fhoirne HIQA um chigireacht ar nocthaí míochaine do radaíocht ianaíoch agus fírinniú cineálach le comhaltaí de chuid na Gníomhaireachta Idirnáisiúnta d'Fhuinneamh Adamhach (GIFA) Ali Halac, Gamze Aydogan agus saineolaí fisice míochaine Michael Rowan i mí Lúnasa*



*Freastalaíonn Dr Máirín Ryan, Leas-Phríomhoifigeach Feidhmiúcháin agus Stiúrthóir MTS ar Chomhdháil na Roinne Sláinte, Fianaise do Leasú: Nuair a thagann taighde agus beartas le chéile in aice le POF FSS Bernard Gloster agus Ard-Rúnaí na Roinne Sláinte, mí Feabhra 2023*



*Baill dár Stiúrthóireacht um Measúnú ar Theicneolaíocht na Sláinte ag comhdháil an Líonra Idirnáisiúnta Treoirleá i nGlaschú, Alban i mí Mheán Fómhair 2023*



*POF Angela Fitzgerald in aice le baill dár Stiúrthóireacht um Measúnú ar Theicneolaíocht na Sláinte ag Comhdháil OTDSSS, mí an Mhárta 2023*



*Cigire Marie Byrne ag bualadh le Theresa Reilly, cónaitheoir in ionad le haghaidh daoine faoi mhíchumas, a thug aiseolas ar shuirbhé cónaitheoirí nua, mí Dheireadh Fómhair 2023*



*Foireann HIQA ag ceann dár n-imeachtaí taispeántais taistil le haghaidh soláthraithe agus daoine i gceannas ar ionaid ainmnithe do dhaoine scothaosta*



*Angela Fitzgerald, POF, HIQA agus David O'Flynn, Cláraritheoir na Comhairle Fiaclóireachta ag síniú an Mheabhráin Tuisceana idir HIQA agus an Chomhairle Fiaclóireachta*



*Cathaoirleach Chosaint na hÉireann Patricia Rickard-Clarke agus comhalta den Bhord Phelim Quinn ag comóradh Lá Cosanta Duine Fásta le Príomh-Chigire Seirbhísí Sóisialta HIQA, Carol Grogan*

# Ráitis Airgeadais Bhliantúla

# 6

## Ballraíocht Bhord HIQA

<b>Ainm</b>	<b>Ról</b>
Pat O'Mahony	Cathaoirleach
James Kiely	Comhalta Boird
Caroline Spillane	Comhalta Boird
Paula Kilbane	Comhalta Boird
Michael Rigby	Comhalta Boird
Lynsey Perdisatt	Comhalta Boird
Bernadette Costello	Comhalta Boird
Martin Higgins	Comhalta Boird
Martin O Halloran	Comhalta Boird
Marion Meany	Comhalta Boird
Daniel McConnell	Comhalta Boird
Clíodhna Foley Nolan	Comhalta Boird

## Eolas ginearálta

<b>Seoladh</b>	Aonad 1301 Geata na Cathrach Machain Corcaigh T12 Y2XT
<b>Baincéirí</b>	Danske Bank 3 Plás Mháistir an Chuain, IFSC, Baile Átha Cliath 1 D01 K8KI
<b>Iníúcháirí</b>	Ard-Reachtair Cuntas agus Ciste 3A Sráid an Mhéara Uachtarach Baile Átha Cliath 1 D01 PF72
<b>Aturnaetha</b>	Beauchamps Cois Abhann a Dó Cé Sir John Rogerson Baile Átha Cliath 2 D02 KV6

## Ráiteas ar Rialú Inmheánach

### 1. Scóip na freagrachta

Thar ceann an Údaráis um Fhaisnéis agus Cáilíocht Sláinte (HIQA) admhaím freagracht an Bhoird as a chinntiú go ndéantar córas éifeachtach rialaithe inmheánaigh a chothabháil agus a fheidhmiú. Cuireann an fhreagracht seo san áireamh ceanglais an Chóid Chleachtais um Rialachas Comhlachtaí Stáit 2016, agus cloí le Cód Rialachais HIQA féin.

### 2. Cuspóir an chórais rialaithe inmheánaigh

Tá an córas rialaithe inmheánaigh deartha chun riosca a bhainistiú go leibhéal is féidir a ghlacadh seachas deireadh a chur leis. Ní féidir leis an gcóras, mar sin, ach cinnteacht réasúnta, agus ní dearbhú iomlán, a thabhairt go ndéantar sócmhainní a chosaint, idirbhearta a údarú agus a thaifeadadh i gceart agus go ndéantar earráidí nó neamhrialtachtaí ábhartha a chosc nó a bhrath ar bhealach tráthúil.

Tá an córas rialaithe inmheánaigh, a thagann le treoir arna heisiúint ag an Roinn Caiteachais Phoiblí, Sheachadadh PFN agus Athchóirithe, i bhfeidhm in HIQA don bhliain dar críoch an 31 Nollaig 2023 agus suas go dtí dáta faofa na ráiteas airgeadais.

### 3. Cumas chun Riosca a Láimhseáil

Tá Coiste Iniúchta, Riosca agus Rialachais ag HIQA ar a bhfuil ceathrar comhaltaí Boidr agus comhalta seachtrach amháin a bhfuil saineolas airgeadais aige. Tháinig an Coiste le chéile ocht n-uaire le linn 2023.

Tá a fheidhm iniúchta inmheánaigh eisfhoinsithe ag HIQA do ghnólacht gairmiúil neamhspleách a sheolann clár oibre a comhaontaíodh leis an gCoiste Iniúchóireachta, Riosca agus Rialachais agus leis an mBord.

Tá beartas agus nós imeachta bainistíochta riosca faofa ag an mBord, a leagann amach fonn riosca HIQA, na próisis bhainistíochta riosca atá i bhfeidhm, agus róil agus freagrachtaí na foirne maidir le riosca. Eisíodh an beartas seo chuig gach ball foirne a bhfuiltear ag súil go n-oibreoidh siad laistigh de bheartais bhainistíochta riosca HIQA, chun an lucht bainistíochta a chur ar an airdeall faoi rioscaí atá ag teacht chun cinn agus faoi laigí rialaithe, agus freagracht a ghlacadh as rioscaí agus rialuithe laistigh dá réimse oibre féin.

### 4. Creat riosca agus rialaithe

Tá córas bainistíochta riosca curtha i bhfeidhm ag HIQA a shainithníonn agus a thuairiscíonn rioscaí agus na bearta bainistíochta atá á ndéanamh chun aghaidh a thabhairt ar na rioscaí sin agus, a mhéid is féidir, chun na rioscaí sin a mhaolú.

Tá clár riosca i bhfeidhm a shainithníonn na príomhrioscaí do HIQA. Tá rioscaí sainaitheanta, measúnaithe agus grádaithe de réir a dtábhachta, agus déantar athbhreithniú rialta orthu laistigh den eagraíocht lena n-áirítear an bhainistíocht, an Coiste Iniúchta, Riosca agus Rialachais, coistí eile an Bhoird agus an Bord. Úsáidtear na measúnuithe seo chun acmhainní a phleanáil agus a leithdháileadh chun a chinntiú go ndéantar rioscaí a bhainistiú go leibhéal inghlactha.

## Ráiteas ar Rialú Idirlín (ar lean)

Sonraítear sa chlár rioscaí na rialuithe agus na gníomhartha is gá chun rioscaí a mhaolú agus freagracht as feidhmiú na rialuithe a shanntar do bhaill foirne ar leith. Deimhním go bhfuil timpeallacht rialaithe i bhfeidhm ina bhfuil na heilimintí seo a leanas:

- ▶ tá nósanna imeachta maidir le gach príomhphróiseas gnó doiciméadaithe,
- ▶ sannadh freagrachtaí airgeadais ar leibhéal na bainistíochta le cuntasacht chomhfhreagrach,
- ▶ tá córas buiséadaithe cuí ann le buiséad bliantúil a choinníonn an bhainistíocht shinsearach faoi athbhreithniú,
- ▶ tá córais ann atá dírithe ar shlándáil na gcóras teicneolaíochta faisnéise agus cumarsáide a áirithiú agus
- ▶ tá córais i bhfeidhm chun sócmhainní a chosaint.

Tá múnú oibre cumaiscthe arna oibriú ag HIQA le meascán laethanta san oifig agus sa bhaile. Chun cleachtais sholúbtha oibre a éascú. Bhunaigh HIQA córais chuí agus rialuithe cuí d'obair scaipthe agus do chianobair. Déantar monatóireacht leanúnach ar bhagairtí slándála agus rialaithe a d'fhéadfadh a bheith ann de bharr na socrúithe sin agus tugtar aghaidh orthu.

### 5. Monatóireacht agus athbhreithniú leanúnach

Tá nósanna imeachta foirmiúla bunaithe chun monatóireacht a dhéanamh ar phróisis rialaithe agus cuirtear easnaimh rialaithe in iúl dóibh siúd atá freagrach as gníomh ceartaitheach a dhéanamh agus don bhainistíocht agus don Bhord, nuair is cuí, ar bhealach tráthúil. Deimhním go bhfuil na córais leanúnacha monatóireachta seo a leanas i bhfeidhm:

- ▶ sainaithníodh príomhrioscaí agus rialuithe gaolmhara agus cuireadh próisis i bhfeidhm chun monatóireacht a dhéanamh ar oibriú na bpríomhrialuithe sin chun aon easnaimh a aithníodh a thuairisciú
- ▶ tá socrúithe tuairiscithe bunaithe ag gach leibhéal inar sannadh freagracht as bainistíocht airgeadais, agus
- ▶ déanann an bhainistíocht shinsearach athbhreithnithe rialta ar thuarascálacha feidhmíochta agus airgeadais go tréimhsiúil agus go bliantúil a léiríonn feidhmíocht i gcoinne buiséid agus réamhaisnéisí.

### 6. Soláthar

Deimhním go bhfuil nósanna imeachta i bhfeidhm ag HIQA chun comhlíonadh na rialacha soláthair reatha agus na dtreoirínte a chinntiú agus le linn 2023, chloígh sé leis na nósanna imeachta sin.

## Ráiteas ar Rialú Idirlín (ar lean)

### 7. Athbhreithniú ar éifeachtacht

Deimhním go bhfuil nósanna imeachta ag HIQA chun monatóireacht a dhéanamh ar éifeachtacht a nósanna imeachta um bainistíocht riosca agus rialú. Tá monatóireacht agus athbhreithniú HIQA ar éifeachtacht an chórais rialaithe inmheánaigh bunaithe ar obair na n-iniúcháirí inmheánacha agus seachtracha, an Choiste Iniúcháireachta, Riosca agus Rialachais agus an bhainistíocht shinsearach laistigh do HIQA atá freagrach as forbairt agus cothabháil an chreata rialaithe inmheánaigh.

Deimhním go ndearna an Bord athbhreithniú bliantúil ar éifeachtacht na rialuithe inmheánacha don bhliain 2023.

### 8. Saincheistanna rialaithe inmheánaigh

Níor sainaitníodh aon laige sa rialú inmheánach maidir le 2023 a éilíonn nochtadh sna ráitis airgeadais.

Thar ceann an Bhoird,



**Pat O'Mahony**  
Cathaoirleach

Dáta: 18 Aibreán 2024

## Ráiteas Rialachais agus Tuarascáil Chomhaltaí an Bhoird

### 1. Rialachas

Bunaíodh Bord an Údaráis um Fhaisnéis agus Cáilíocht Sláinte (HIQA) faoin Acht Sláinte 2007. Leagtar amach feidhmeanna an Bhoird in Alt 8 den Acht. Tá an Bord freagrach don Aire Sláinte agus tá sé freagrach as dea-rialachas a chinntiú. Déanann an Bord an tasc seo trí chuspóirí agus spriocanna straitéiseacha a leagan síos agus trí chinntí straitéiseacha a dhéanamh ar gach príomhcheist gnó. Is iad an Príomhfheidhmeannach agus an fhoireann bainistíochta shinsearach atá freagrach as bainistíocht laethúil, rialú agus stiúradh HIQA.

Leanann an Príomhfheidhmeannach agus an fhoireann bainistíochta shinsearach an treoir leathan straitéiseach atá leagtha síos ag an mBord, agus cinntíonn siad go bhfuil tuiscint shoiléir ag gach comhalta den Bhord ar na príomhghníomhaíochtaí agus cinntí a bhaineann leis an eintiteas, agus ar aon rioscaí suntasacha de réir mar a thagann siad chun cinn. Feidhmíonn an Príomhfheidhmeannach mar idirchaidreamh díreach idir an Bord agus bainistíocht HIQA.

Rinneadh meastóireacht sheachtrach ar fheidhmíocht an Bhoird agus a gcoistí le linn na bliana agus cuireadh na torthaí i láthair ag cruinniú den Bhord i mí na Samhna 2023. Thángthas ar an gconclúid sa tuarascáil go raibh ceanglais an Chóid Chleachtais um Rialachas Comhlachtaí Stáit 2016 á gcomhlíonadh.

### 2. Freagrachtaí an Bhoird

Tá obair agus freagrachtaí an Bhoird leagtha amach i gCód Rialachais HIQA ina bhfuil na hábhair atá forchoimeáda go sonrach do chinneadh an Bhoird. Tá Sceideal Cúrsaí Forchoimeáda do Chinneadh an Bhoird i bhfeidhm atá ailínithe le ceanglais an Chóid Chleachtais um Rialachas Comhlachtaí Stáit. Ina theannta sin, foráiltear le scéim tarmligin feidhmeanna a tharmligean chuig an POF agus chuig comhaltaí den bhainistíocht Fheidhmiúcháin. I measc na míreanna seasta a bhreithnigh an Bord tá:

- ▶ dearbhú leasanna,
- ▶ sláinte agus sábháilteacht
- ▶ tuarascálacha ó choistí,
- ▶ tuarascálacha airgeadais agus cuntais bhainistíochta,
- ▶ tuarascálacha feidhmíochta, agus
- ▶ nithe forchoimeáda de réir mar a thagann siad chun cinn.

Ceanglaíonn Alt 35 den Acht Sláinte 2007 ar Bhord HIQA, i cibé foirm a cheadóidh an tAire Sláinte le toiliú an Aire Caiteachais Phoiblí, Sheachadadh PFN agus Athchóirithe, na leabhair nó na taifid chuntais eile go léir is cuí agus is gnách ar airgead a fuair sé agus a chaith sé.

Agus na ráitis airgeadais seo á n-ullmhú, ceanglaítear ar Bhord HIQA:

- ▶ beartais chuntasaíochta oiriúnacha a roghnú agus iad a chur i bhfeidhm go comhsheasmhach,
- ▶ breithiúnais agus meastacháin a dhéanamh atá réasúnach agus stuama,
- ▶ na ráitis airgeadais a ullmhú ar bhonn gnóthas leantach ach amháin má tá sé míchuí a thiomhdiú go leanfaidh sé de bheith ag feidhmiú, agus



## Ráiteas Rialachais agus Tuarascáil Chomhaltaí den Bhord (ar lean)

- ▶ a lua ar leanadh caighdeáin chuntasaíochta infheidhmithe, faoi réir aon imeacht ábhartha a nochtar agus a mhínítear sna ráitis airgeadais.

Tá an Bord freagrach as taifid chuntasaíochta leordhóthanacha a choinneáil a nochtann, le cruinneas réasúnta ag aon tráth, a staid airgeadais agus a chuireann ar a chumas a chinntiú go gcomhlíonann na ráitis airgeadais Alt 35 den Acht Sláinte 2007. Tá an Bord freagrach as plean gnó bhliantúil agus buiséad a fhaomhadh. Déantar measúnú ar fheidhmíocht HIQA i gcoinne an phlean gnó agus an bhuiséid bhliantúil ar bhonn leanúnach.

Tá an Bord freagrach freisin as a shócmhainní a chosaint agus as céimeanna réasúnta a ghlacadh chun calaois agus neamhrialtachtaí eile a chosc agus a bhrath. Measann an Bord go dtugann na ráitis airgeadais léargas fíorchearr ar fheidhmíocht agus staid airgeadais HIQA ar an 31 Nollaig 2023.

### 3. Struchtúr an Bhoird

Tá an Bord comhdhéanta de Chathaoirleach agus aon ghnáthchomhalta dhéag, agus is é an tAire Sláinte a cheapann gach duine acu.

Ainm	Ról	Cuireadh tús le tionacht	Téann tionacht in éag
<b>Pat O'Mahony</b>	Cathaoirleach an Bhoird	3/10/2018 Athcheapadh 3/10/2023	2/10/2026
<b>Paula Kilbane</b>	Comhalta Boird	29/07/2015 Athcheapadh 30/9/2020	29/9/2025
<b>James Kiely</b>	Comhalta Boird	26/2/2018 Athcheapadh 25/2/2023	25/2/2026
<b>Caroline Spillane</b>	Comhalta Boird	26/2/2018 Athcheapadh 25/2/2023	25/2/2026
<b>Lynsey Perdisatt</b>	Comhalta Boird	02/09/2019	01/09/2024
<b>Tony McNamara</b>	Comhalta Boird	02/09/2019	D'eirigh as 31/01/2023
<b>Michael Rigby</b>	Comhalta Boird	02/09/2019	01/09/2024
<b>Bernadette Costello</b>	Comhalta Boird	28/02/2020	27/02/2025
<b>Martin Higgins</b>	Comhalta Boird	01/06/2021 Athcheapadh 25/02/2023	25/02/2026
<b>Martin O Halloran</b>	Comhalta Boird	01/06/2021	31/05/2026
<b>Daniel McConnell</b>	Comhalta Boird	01/06/2021	31/05/2026
<b>Marion Meany</b>	Comhalta Boird	01/06/2021	31/05/2026
<b>Clíodhna Foley-Nolan</b>	Comhalta Boird	3/10/2023	1/09/2024

## Ráiteas Rialachais agus Tuarascáil Chomhaltaí den Bhord (ar lean)

### 4. Coistí an Bhoird

Tá ceithre choiste bunaithe ag an mBord, mar seo a leanas:

**(a) Coiste Iniúchta Riosca agus Rialachais:**

Tacaíonn an Coiste Iniúchta Riosca agus Rialachais leis an mBord maidir lena fhreagrachtaí as saincheisteanna riosca, rialaithe agus rialachais agus dearbhú gaolmhar. Tá an Coiste neamhspleách ar bhainistíocht airgeadais na heagraíochta. Cinntíonn an Coiste go háirithe go ndéantar monatóireacht ghníomhach neamhspleách ar na córais rialaithe inmheánaigh lena n-áirítear gníomhaíochtaí iniúchta. Tuairiscíonn an Coiste don Bhord tar éis gach cruinniú, agus go foirmiúil i scríbhinn gach bliain.

**(b) An Coiste Maoirseachta Acmhainní:**

Déanann an coiste seo monatóireacht ar riachtanais acmhainní HIQA chun a chinntiú go bhfuil siad ailínithe le straitéis chorparáideach HIQA lena n-áirítear maoirseacht ar rioscaí a bhaineann le hacmhainní. Ina theannta sin, maoirsíonn sé feidhmíocht bhainistíochta.

**(c) An Coiste Rialaithe:**

Déanann an coiste seo maoirsiú ar éifeachtacht, rialachas, comhlíonadh agus rialuithe maidir le seachadadh fheidhmeanna rialála HIQA.

**(d) An Coiste um Chaighdeán, Faisnéis, Taighde agus Teicneolaíochta:**

Déanann an Coiste maoirseacht ar na socruithe rialachais, lena n-áirítear comhlíonadh agus rialuithe, maidir le feidhmeanna forbairt caighdeán faisnéis sláinte agus feidhmeanna measúnaithe ar theicneolaíocht sláinte.

### 5. Sceideal tinrimh, táillí agus caiteachais do chomhaltaí den Bhord agus do chomhaltaí den choiste seachtrach

Tá sceideal freastail ar chruinnithe Boird agus Coiste in 2023 leagtha amach thíos, lena n-áirítear na táillí agus na speansais dheimhnithe a íocadh le gach comhalta:

## Ráiteas Rialachais agus Tuarascáil Chomhaltaí den Bhord (ar lean)

### (a) Comhaltaí Reatha an Bhoird

	Cruinniú Boird Reachtúil	Cruinnithe breise Boird	Coiste Iniúchta, Riosca agus Rialachais	An Coiste Rialaithe	An Coiste um Chaighdeán, Taighde Faisnéise agus Teicneolaíochta	An Coiste Maoirseachta Acmhainní	Táillí	Costais Deimhnithe
<b>Líon na gCruinnithe</b>	<b>6</b>	<b>4</b>	<b>8</b>	<b>5</b>	<b>6</b>	<b>5</b>		-
Pat O'Mahony	6 as 6	4 as 4	N/B	N/B	N/B	5 as 5	€11,970	€282
James Kiely	5 as 6	4 as 4	N/B	5 as 5	5 as 6	3 as 5	€7,695	-
Caroline Spillane	5 as 6	3 as 4	6 as 8	N/B	N/B	N/B	€7,695	-
Paula Kilbane	6 as 6	3 as 4	N/B	N/B	5 as 6	N/B	€7,695	€58
Michael Rigby	6 as 6	2 as 4	N/B	3 as 5	5 as 6	N/B	€7,695	-
Tony McNamara	N/B	N/B	1 as 1	N/B	N/B	N/B	€641	€459
Lynsey Perdisatt	6 as 6	3 as 4	N/B	N/B	N/B	5 as 5	€7,695	-
Bernadette Costello	5 as 6	4 as 4	8 as 8	N/B	N/B	5 as 5	€7,695	€340
Martin Higgins	5 as 6	4 as 4	7 as 8	N/B	N/B	3 as 5	€7,695	€696
Martin O Halloran	5 as 6	4 as 4	N/B	5 as 5	5 as 6	N/B	€7,695	-
Danny McConnell	5 as 6	3 as 4	N/B	N/B	N/B	5 as 5	€7,695	€110
Marion Meany*	6 as 6	3 as 4	1 as 1	4 as 4	5 as 5	N/B	€7,695	-
Clíodhna Foley Nolan**	1 as 1	N/B	N/B	1 as 1	1 as 1	N/B	€1,924	-
<b>Iomlán</b>							<b>€91,485</b>	<b>€1,945</b>

\* Aistríodh ón gCoiste Caighdeán, Faisnéise, Taighde agus Teicneolaíochta ar an 27 Meán Fómhair 2023 í agus tháinig sí chun a bheith ina comhalta den Choiste Iniúchta Riosca agus Rialachais (CIRR).

\*\* Ceapadh Comhalta nua den Bhord don Chiste Rialachais agus don Chiste Caighdeán, Faisnéise, Taighde agus Teicneolaíochta ar feadh tréimhse trí bliana a thosaigh ar an 31 Deireadh Fómhair 2023.

Íocadh táillí le comhaltaí den Bhord de réir na rátaí arna gceadú agus arna bhfaomhadh ag an Aire Caiteachais Phoiblí, Sheachadadh PFN agus Athchóirithe.

## Ráiteas Rialachais agus Tuarascáil Chomhaltaí den Bhord (ar lean)

### (b) Baill an Choiste Iniúchta Seachtrach, Riosca agus Rialachais

D'fhreastail Bernice Gaffney ar ocht gcruinniú den Choiste Iniúchta Riosca agus Rialachais in 2023. Íocadh táillí €1,710 léi in 2023. Níor íocadh costais léi le linn na bliana sin.

## 6. Nochtaí a cheanglaítear faoin gCód Cleachtais um Rialachas Comhlachtaí Stáit 2016

Tá an Bord freagrach as a chinntiú go bhfuil ceanglais an Chóid Chleachtais um Rialachas Comhlachtaí Stáit 2016 comhlíonta ag HIQA. Ceanglaítear leis an gCód na nochtaí seo a leanas.

### 6.1 Sochair Ghearrthéarmacha d'Fhostaithe

Tá sochair ghearrthéarmacha fostaithe os cionn €60,000 leagtha amach i nóta 6 de na Ráitis Airgeadais Bhliantúla.

### 6.2 Costais Chomhairleoireachta

Áirítear le costais chomhairleoireachta costais anailíse saineolaithe seachtracha agus comhairle don bhainistíocht a chuireann le cinnteoireacht nó treoir bheartais. Ní áirítear leis feidhmeanna seachfhoinsithe 'gnó mar is gnách.

	2023	2022
	€	€
<b>Comhairleacht</b>		
Comhairle dlí	108,658	43,569
Acmhainní Daonna	-	18,159
Rialachas agus straitéis	523,469	239,224
Claochlú digiteach agus sonraí	928,000	971,015
<b>Comhairleacht iomlán</b>	<b>1,560,127</b>	<b>1,271,967</b>

	2023	2022
	€	€
Costais chomhairleachta a muirearaíodh ar chuntas caipitil*	835,862	907,470
Costais chomhairleachta a muirearaíodh ar an loncam agus Caiteachais agus na Cúlchistí Cúlchistí loncaim**	724,265	364,497
<b>Iomlán</b>	<b>1,560,127</b>	<b>1,271,967</b>

\*San áireamh sa Ráiteas ar Loncam agus Caiteachas Caipitil

\*\*San áireamh i Seirbhísí Gairmiúla sa Ráiteas loncaim agus Caiteachais

## Ráiteas Rialachais agus Tuarascáil Chomhaltaí den Bhord (ar lean)

### 6.3 Costais Dlí agus Socraíochtaí

	2023	2022
	€	€
Táillí dlí – imeachtaí dlí	12,261	89,573
<b>Iomlán</b>	<b>12,261</b>	<b>89,573</b>

Soláthraítear sa tábla sonraí caiteachais sa tréimhse tuairiscithe maidir le raon imeachtaí dlí. Ní áirítear leis seo caiteachas a tabhaíodh i ndáil le comhairle dlí ghinearálta a fuair HIQA a nochtar sna seirbhísí comhairleachta thuas.

### 6.4 Caiteachas Taistil agus Cothabhála

Déantar Caiteachas Taistil agus Cothabhála a chatagóiriú de réir nóta 8 de na Ráitis Airgeadais Bhliantúla.

### 6.5 Fáilteachas

Áiríonn an Ráiteas Ioncaim agus Caiteachais agus Cúlchistí Ioncaim an caiteachas fáilteachais seo a leanas:

	2023	2022
	€	€
Fáilteachas an Bhoird agus na Foirne	891	3,735
<b>Iomlán</b>	<b>891</b>	<b>3,735</b>

## 7. Ráiteas Comhlíonta

Tá glactha ag an mBord leis an gCód Cleachtais um Rialachas Comhlachtaí Stáit 2016 agus tá nósanna imeachta curtha i bhfeidhm aige chun comhlíonadh an Chóid a chinntiú. Rinne HIQA iniúchadh in 2022 ar a chomhlíonadh leis an gCód Cleachtais um Rialachas Comhlachtaí Stáit don bhliain 2022, rud a d'aithin aon bhearnaí i gcomhlíonadh ach a leag béim ar roinnt mionghníomhartha chun ár rialuithe a fheabhsú tuilleadh.

Thar ceann an Bhoird,

Sínihe: 

**Pat O'Mahony**  
Cathaoirleach

Dáta: 17 Aibreán 2024

Sínihe: 

**Lynsey Perdisatt**  
Comhalta Boird

Dáta: 17 Aibreán 2024

## Tuarascáil an Ard-Reachtair Cuntas agus Ciste

### Tuarascáil le cur faoi bhráid Thithe an Oireachtais An tÚdarás um Fhaisnéis agus Cáilíocht Sláinte

#### Tuairim cháilithe ar ráitis airgeadais

Rinne mé iniúchadh ar ráitis airgeadais an Údaráis um Fhaisnéis agus Cáilíocht Sláinte don bhliain dar críoch an 31 Nollaig 2023 mar a cheanglaítear faoi fhorálacha Alt 35 den Acht Sláinte 2007. Ullmhaíodh na ráitis airgeadais i gcomhréir leis an gCaighdeán um Thuairisciú Airgeadais (CTA) 102 — *An Caighdeán um Thuairisciú Airgeadais infheidhme i RA agus i bPoblacht na hÉireann* agus cuimsíonn siad

- an ráiteas ioncaim agus caiteachais agus cúlchistí ioncaim choimeádta
- an ráiteas ar ioncam agus ar chaiteachas caipitil
- an ráiteas ar an staid airgeadais
- an ráiteas ar shreafaí airgid agus
- na nótaí gaolmhara, lena n-áirítear achoimre ar bheartais shuntasacha chuntasáochta.

Is é mo thuairim, seachas i gcás neamh-chomhlíonta cheanglais CTA 102 maidir le teidlíochtaí sochair scoir dá dtagraítear dó thíos, go dtugann na ráitis airgeadais léargas fíor agus cothrom ar shócmhainní, dliteanais agus staid airgeadais an Údaráis um Fhaisnéis agus Cáilíocht Sláinte amhail an 31 Nollaig 2023 agus dá ioncam agus caiteachas do 2023 i gcomhréir le CTA 102.

#### Bunús le tuairim cháilithe ar ráitis airgeadais

De réir treoracha an Aire Sláinte, ní thugann an tÚdarás um Fhaisnéis agus Cáilíocht Sláinte cuntas ar chostais teidlíochtaí sochair scoir ach amháin de réir mar a bhíonn siad iníoctha. Ní chloíonn sé seo le CTA 102 a éilíonn go n-aithníonn na ráitis airgeadais costas iomlán na dteidlíochtaí sochair scoir a tuilleadh sa tréimhse agus an dliteanas fabhráithe ar an dáta tuairiscithe. Níl éifeacht an neamhchomhlíonta ar ráitis airgeadais an Údaráis um Fhaisnéis agus Cáilíocht Sláinte don bhliain 2023 cainníochtaithe.

Rinne mé m'iniúchadh ar na ráitis airgeadais de réir na gCaighdeán Idirnáisiúnta Iniúcháireachta (CIInna) arna bhfógairt ag Eagraíocht Idirnáisiúnta na bhForas Iniúcháireachta Uachtarach. Tá cur síos ar mo fhreagrachtaí faoi na caighdeáin sin san aguisín a ghabhann leis an tuarascáil seo. Táim neamhspleách ar an Údarás um Fhaisnéis agus Cáilíocht Sláinte agus tá mo chuid freagrachtaí eiticíúla eile comhlíonta agam de réir na gcaighdeán.

Creidim gur leor agus gur cuí an fhianaise iniúchta atá faighte agam chun bonn a chur le mo thuairim.

## Tuarascáil an Ard-Reachtair Cuntas agus Ciste (ar lean)

### Tuarascáil ar fhaisnéis seachas na ráitis airgeadais agus ar nithe eile

Tá faisnéis áirithe eile curtha i láthair ag an Údarás um Fhaisnéis agus Cáilíocht Sláinte mar aon leis na ráitis airgeadais. Cuimsíonn sé seo an tuarascáil bhliantúil, an ráiteas ar rialú inmheánach agus an ráiteas rialachais agus tuarascáil chomhaltaí an bhoird. Tá cur síos san aguisín a ghabhann leis an tuarascáil seo ar mo fhreagrachtaí tuairisc a thabhairt maidir le faisnéis den sórt sin, agus ar ábhair áirithe eile ar a dtuairiscím trí eisceacht.

Níl aon rud le tuairisciú agam ina leith sin.



**John Crean**  
Ar son agus thar ceann an  
Ard-Reachtair Cuntas agus Ciste

**26 Aibreán 2024**

## Tuarascáil an Ard-Reachtair Cuntas agus Ciste (ar lean)

### Freagrachtaí chomhaltaí an Bhoird

Mar atá sonraithe sa ráiteas rialachais agus tuarascáil chomhaltaí an Bhoird tá comhaltaí an Bhoird freagrach as

- ráitis airgeadais a ullmhú san fhoirm a fhorordaítear faoi alt 35 den Acht Sláinte 2007
- a chinntiú go dtugann na ráitis airgeadais léargas fórcheart i gcomhréir le CTA 102
- rialtacht na n-idirbheart a chinntiú
- measúnú a dhéanamh ar an bhfuil úsáid bhonn gnóthais leantaigh na cuntasáíochta iomchuí, agus
- cibé rialú inmheánach a chinneann siad atá riachtanach chun ráitis airgeadais a ullmhú atá saor ó mhíríteas ábhartha, cibé acu de bharr calaoise nó earráide.

### Freagrachtaí an Ard-Reachtair Cuntas agus Ciste

Ceanglaítear orm faoi alt 35 den Acht Sláinte 2007 iniúchadh a dhéanamh ar ráitis airgeadais an Údaráis um Fhaisnéis agus Cáilíocht Sláinte agus tuairisc a thabhairt orthu do Thithe an Oireachtais.

Is é an cuspóir atá agam agus an t-iniúchadh á dhéanamh agam ná dearbhú réasúnta a fháil maidir le cibé an bhfuil na ráitis airgeadais ina n-iomláine saor ó mhíríteas ábhartha de bharr calaoise nó earráide. Is leibhéal ard dearbhaithe é dearbhú réasúnta, ach ní ráthaíocht é go n-aimseoidh iniúchadh arna dhéanamh i gcomhréir leis na Cllanna míráiteas ábhartha i gcónaí nuair atá sé ann. Is féidir le míráiteas a eascairt as calaois nó earráid agus meastar go bhfuil siad ábhartha más rud é, ina n-aonar nó ina n-iomláine, go bhféadfaí a bheith ag súil le réasún leis go mbeadh tionchar acu ar chinntí eacnamaíochta na n-úsáideoirí a dhéantar ar bhonn na ráiteas airgeadais seo.

Mar chuid d'iniúchadh de réir na gCllanna, feidhmím breithiúnas gairmiúil agus coimeádaim amhras gairmiúil ar feadh an iniúchta. Agus é sin á dhéanamh agam,

- Aithním agus measúnaím na rioscaí a bhaineann le míráiteas ábhartha ar na ráitis airgeadais cibé acu de bharr calaoise nó earráide; nósanna imeachta iniúchta a dhearadh agus a dhéanamh a fhreagraíonn do na rioscaí sin; agus fianaise iniúchta a fháil atá leordhóthanach agus oiriúnach chun bunús a sholáthar do mo thuairim. Tá an riosca nach mbraithfear míráiteas ábhartha mar thoradh ar chalaos níos airde ná an ceann a eascraíonn as earráid, toisc go bhféadfadh claonpháirteachas, brionnú, easnaimh d'aon ghnó, mífhaisnéis nó sárú ar rialú inmheánach a bheith i gceist le calaois.



## Tuarascáil an Ard-Reachtair Cuntas agus Ciste (ar lean)

- Faighim tuiscint ar rialú inmheánach atá ábhartha don iniúchadh chun nósanna imeachta iniúchta a dhearadh atá oiriúnach sna himthosca, ach ní chun críche tuairim a chur in iúl ar éifeachtacht na rialuithe inmheánacha.
- Déanaim meastóireacht ar oiriúnacht na mbeartas cuntasáíochta a úsáidtear agus ar réasúntacht na meastachán cuntasáíochta agus na nochtaí gaolmhara.
- Déanaim conclúid maidir le hoiriúnacht úsáid bhonn gnóthais leantach na cuntasáíochta agus, bunaithe ar an bhfianaise iniúchta a fuarthas, an bhfuil éiginnteacht ábhartha ann maidir le himeachtaí nó coinníollacha a d'fhéadfadh amhras suntasach a chur ar chumas an Údaráis um Fhaisnéis agus Cáilíocht Sláinte leanúint ar aghaidh mar ghnóthas leantach. Má chinnim go bhfuil éiginnteacht ábhartha ann, ceanglaítear orm aird a tharraingt i mo thuarascáil ar na nochtuithe gaolmhara sna ráitis airgeadais nó, mura leor na nochtuithe sin, mo thuairim a mhodhnú. Tá mo chonclúidí bunaithe ar an bhfianaise iniúchta a fuarthas suas go dtí dáta mo thuarascála. Mar sin féin, d'fhéadfadh imeachtaí nó coinníollacha amach anseo a bheith ina gcúis le scor don Údarás um Fhaisnéis agus Cáilíocht Sláinte mar ghnóthas leantach.
- Déanaim meastóireacht ar chur i láthair, struchtúr agus ábhar foriomlán na ráiteas airgeadais, lena n-áirítear na nochtaí agus cibé an léiríonn na ráitis airgeadais na hidirbhearta agus imeachtaí bunúsacha ar bhealach a bhainfidh cur i láthair cothrom amach.

Déanaim cumarsáid leo siúd atá freagrach as rialachas maidir le, i measc nithe eile, scóip agus uainiú pleanáilte an iniúchta agus torthaí suntasacha an iniúchta, lena n-áirítear aon easnaimh shuntasacha sa rialú inmheánach a shainaithním le linn m'iniúchta.

Tuairiscím trí eisceacht más rud é, i mo thuairim,

- nach bhfuil an fhaisnéis agus na mínithe ar fad a theastaigh uaim le haghaidh m'iniúchta faighte agam, nó
- nach raibh na taifid chuntasáíochta leordhóthanach chun iniúchadh a dhéanamh ar na ráitis airgeadais go réidh agus go cuí, nó
- nach bhfuil na ráitis airgeadais ag teacht leis na taifid chuntasáíochta.

## Tuarascáil an Ard-Reachtair Cuntas agus Ciste (ar lean)

### Faisnéis seachas na ráitis airgeadais

Ní chlúdaíonn mo thuairim ar na ráitis airgeadais an fhaisnéis eile a cuireadh i láthair leis na ráitis sin, agus ní chuirim aon chonclúid dearbhaithe in iúl ina leith.

Maidir le m'iniúchadh ar na ráitis airgeadais, ceanglaítear orm faoi na ISAnna an fhaisnéis eile a chuirtear i láthair a léamh agus, le linn dom é sin a dhéanamh, a bhreithniú cibé an bhfuil an fhaisnéis eile ar neamhréir go hábhartha leis na ráitis airgeadais nó leis an eolas a fuarthas le linn an iniúchta, nó más dealraitheach ar shlí eile go bhfuil míráiteas ábhartha ann. Más rud é, bunaithe ar an obair atá déanta agam, go dtugaim de thátal as go bhfuil míráiteas ábhartha maidir leis an bhfaisnéis eile seo, ceanglaítear orm an fhíríc sin a thuairisciú.

### Tuairisciú ar nithe eile

Déantar m'iniúchadh trí thagairt a dhéanamh do na breithnithe speisialta a bhaineann le comhlachtaí Stáit maidir lena mbainistíocht agus lena bhfeidhmiú. Tuairiscím má shainaithním ábhair ábhartha a bhaineann leis an mbealach a seoladh gnó poiblí.

Déanaim iarracht fianaise a fháil faoi rialtacht na n-idirbheart airgeadais le linn an iniúchta. Tuairiscím má shainaithním aon chás ábhartha nár úsáideadh airgead poiblí chun na gcríoch a bhí beartaithe nó nár chloígh na hidirbhearta leis na húdaráis a rialaíonn iad.

## Ráiteas Ioncaim agus Caiteachais agus Cúlchistí Ioncaim Coinnithe

An bhliain dar críoch an 31 Nollaig 2023

	Nótaí	2023 €	2022 €
<b>Ioncam</b>			
An Roinn Sláinte (Vóta 38, E1)		23,969,000	21,369,000
Táillí bliantúla agus clárúcháin	2	7,358,961	7,035,183
Ioncam eile	3	7,164,496	6,288,816
		<b>38,492,457</b>	<b>34,692,999</b>
<b>Caiteachas</b>			
Costais foirne	4	28,920,437	26,311,498
Taisteal agus cothabháil	8	899,670	733,336
Muirir ghairmiúla	9	1,605,987	706,719
Costais fhoilsithe		153,285	124,498
Costais tacaíochta	10	4,027,550	3,863,871
Costais bhunaíochta	11	2,703,319	2,715,657
		<b>38,310,248</b>	<b>34,455,579</b>
Barrachas/(Easnamh) don bhliain		182,209	237,420
Barrachas amhail an 1 Eanáir		<b>2,287,538</b>	<b>2,050,118</b>
Barrachas ar 31 Nollaig		<b>2,469,747</b>	<b>2,287,538</b>

Áiríonn an Ráiteas Ioncaim agus Caiteachais agus Cúlchistí Ioncaim Coinnithe gach gnóthachan agus cailteanas a aithníodh sa bhliain cé is moite de dhímheas agus amúchadh atá san áireamh sa Ráiteas ar Ioncam agus Caiteachas Caipitil.

Tá an Ráiteas ar Shreabhadh Airgid agus Nótaí 1 go 19 mar chuid de na ráitis airgeadais seo.

Thar ceann an Údaráis um Fhaisnéis agus Cáilíocht Sláinte,

Sínte: 

**Pat O'Mahony**  
Cathaoirleach

Dáta: 17 Aibreán 2024

Sínte: 

**Angela Fitzgerald**  
Príomhfheidhmeannach

Dáta: 17 Aibreán 2024

## Ráiteas ar Ioncam agus Caiteachas Caipitil

An bhliain dar críoch an 31 Nollaig 2023

	Nótaí	2023 €	2022 €
<b>Ioncam</b>			
An Roinn Sláinte (Vóta 38, L)	15	4,776,698	3,646,238
Amúchadh an Chuntais Ciste Caipitil	15,18	1,010,536	1,061,106
		<b>5,787,234</b>	<b>4,707,344</b>
<b>Caiteachas</b>			
Foirgnimh ar Léas	12	598,564	754,858
Daingneáin agus feistis	12	252,174	106,416
Trealamh ríomhaireachta	12,18	743,535	1,209,332
Bogearraí arna n-óstáil sa Néal	15,18	2,346,563	668,162
Caiteachas neamhchaipitiúil	15	835,862	907,470
Dímheas	12	1,010,536	1,061,106
		<b>5,787,234</b>	<b>4,707,344</b>
<b>Barrachas / (Easnamh) don Bhliain</b>		-	-
(Easnamh)/barrachas tosaigh		-	-
<b>Barrachas / (Easnamh) Don Bhliain</b>		-	-

Áiríonn an Ráiteas Ioncaim agus Caiteachais agus Cúlchistí Ioncaim Coinnithe gach gnóthachan agus cailteanas a aithníodh sa bhliain cé is moite de dhímheas agus amúchadh atá san áireamh sa Ráiteas ar Ioncam agus Caiteachas Caipitil.

Tá an Ráiteas ar Shreabhadh Airgid agus Nótaí 1 go 19 mar chuid de na ráitis airgeadais seo.

Thar ceann an Údaráis um Fhaisnéis agus Cáilíocht Sláinte,

Sínte: 

**Pat O'Mahony**  
Cathaoirleach

Dáta: 17 Aibreán 2024

Sínte: 

**Angela Fitzgerald**  
Príomhfheidhmeannach

Dáta: 17 Aibreán 2024

## Ráiteas ar Staid Airgeadais

Amhail an 31 Nollaig 2023

	Nótaí	2023 €	2022 €
<b>Sócmhainní Seasta</b>			
Sócmhainní Inláimhsithe	12,18	3,623,618	3,039,881
<b>Sócmhainní Reatha</b>			
Infháltais	13	1,906,557	2,460,571
Airgead tirim agus coibhéisí airgid		3,714,017	2,673,713
		<u>5,620,574</u>	<u>5,134,284</u>
<b>Lúide Dlíteanais Reatha</b>			
Iníoctha a bheidh dlite laistigh de bhliain amháin	14	<u>(3,150,827)</u>	<u>(2,846,746)</u>
<b>Glansócmhainní Reatha</b>		<b>2,469,747</b>	<b>2,287,538</b>
<b>Sócmhainní Iomlán Lúide Dlíteanais Reatha</b>		<b>6,093,365</b>	<b>5,327,419</b>
<b>Caipiteal agus Cúlchistí</b>			
Cúlchistí Ioncaim		2,469,747	2,287,538
Cuntas Caipitil	15,18	3,623,618	3,039,881
		<u>6,093,365</u>	<u>5,327,419</u>

Tá an Ráiteas ar Shreabhadh Airgid agus Nótaí 1 go 19 mar chuid de na ráitis airgeadais seo.

Thar ceann an Údaráis um Fhaisnéis agus Cáilíocht Sláinte,

Sínithe:

**Pat O'Mahony**  
Cathaoirleach

Dáta: 17 Aibreán 2024

Sínithe:

**Angela Fitzgerald**  
Príomhfheidhmeannach

Dáta: 17 Aibreán 2024

## Ráiteas ar Shreabhadh Airgid

### An bhliain dar críoch an 31 Nollaig 2023

#### An Barrachas Oibriúcháin a Réiteach le Glan-insreabhadh Cistí ó Ghníomhaíochtaí Oibriúcháin

		2023	2022
		€	€
Barrachas Oibriúcháin		182,209	237,420
Laghdú / (Méadú) ar infháltais		554,014	(1,266,373)
Méadú ar nithe iníoctha agus fabhruithe		304,081	473,987
Ús faighte		(51,487)	(59)
<b>Glanshreabhadh Airgid ó Ghníomhaíochtaí Oibriúcháin</b>		<b>988,817</b>	<b>(555,025)</b>
<b>Sreafaí Airgid ó Ghníomhaíochtaí Infheistíochta</b>			
Sócmhainní dochta a cheannach	18	1,594,273	2,114,844
Bogearraí arna n-óstáil sa Néal	18	2,346,563	668,162
Caiteachas neamhchaipitiúil		835,862	907,470
Deontais chaipitil faighte		(4,776,698)	(3,690,476)
<b>Glansreafaí Airgid ó Ghníomhaíochtaí Infheistíochta</b>		<b>-</b>	<b>-</b>
<b>Sreafaí Airgid ó Ghníomhaíochtaí Maoinithe</b>			
Ús faighte		51,487	59
<b>Glansreafaí Airgid ó Ghníomhaíochtaí Maoinithe</b>		<b>51,487</b>	<b>59</b>
<b>Glan (Laghdú) / Méadú ar Airgead Tirim agus Coibhéisí Airgid Thirim</b>		<b>1,040,304</b>	<b>(554,966)</b>
Airgead tirim agus coibhéisí airgid thirim ar 1 Eanáir		2,673,713	3,228,679
<b>Airgead Tirim agus Coibhéisí Airgid Thirim ar 31 Nollaig</b>		<b>3,714,017</b>	<b>2,673,713</b>

Thar ceann an Údaráis um Fhaisnéis agus Cáilíocht Sláinte,

Sínte: 

**Pat O'Mahony**  
Cathaoirleach

Dáta: 17 Aibreán 2024

Sínte: 

**Angela Fitzgerald**  
Príomhfheidhmeannach

Dáta: 17 Aibreán 2024

# Nótaí leis na Ráitis Airgeadais

## An bhliain dar críoch an 31 Nollaig 2023

### 1. Beartais Chuntasaíochta

#### 1. (a) Eolas Ginearálta

Tá bunús na cuntasaíochta agus na beartais chuntasaíochta suntasacha ar glacadh leo leagtha amach thíos. Cuireadh iad go léir i bhfeidhm go comhsheasmhach i rith na bliana agus don bhliain roimhe sin.

#### 1. (b) Ráiteas Comhlíonta

Ullmhaíodh ráitis airgeadais HIQA don bhliain dar críoch 31 Nollaig 2023 de réir FRS102 (an caighdeán tuairiscithe airgeadais is infheidhme sa RA agus in Éirinn), arna mhodhnú ag treoracha an Aire Sláinte maidir le haoisliúntas. De réir treoracha an Aire Sláinte, ní dhéanann HIQA cuntas ar chostais teidlíochtaí aoisliúntais ach amháin de réir mar a thagann siad chun bheith iníoctha (féach (k) agus (l)). Ní chomhlíonann an bunús cuntasaíochta seo FRS102, a éilíonn go n-aithnítear costais dá leithéid sa bhliain ina dtuilltear teidlíochta.

#### 1. (c) Bunús an Ullmhúcháin

Ullmhaítear na ráitis airgeadais faoin modh fabhraithe cuntasaíochta agus faoi choinbhinsiún an chostais stairiúil san fhoirm atá ceadaithe ag an Aire Sláinte le comhthoiliú an Aire Caiteachais Phoiblí, Sheachadadh PFN agus Athchóirithe, i gcomhréir le hAlt 35 den Acht Sláinte 2007.

Cuireadh na beartais chuntasaíochta seo a leanas i bhfeidhm go comhsheasmhach chun déileáil le míreanna a mheastar a bheith ábhartha maidir le ráitis airgeadais HIQA.

#### 1. (d) Ioncam

##### (i) Deontais Oireachtais

Léiríonn an méid a tugadh chun cuntais sa Ráiteas Ioncaim agus Caiteachais agus Cúlchistí Ioncaim Coinnithe na deontais iarbhír a fuarthas sa tréimhse chuntasaíochta. Tugtar cuntas ar dheontais chaipitil maidir le caiteachas caipitiúil ceadaithe sa chuntas Ioncaim agus Caiteachais Chaipitil ar bhonn fabhraithe.

##### (ii) Ioncam táillí bliantúla

Aithnítear táillí bliantúla ó sholáthraithe Lárionad Ainmnithe do Dhaoine Scothaosta faoi thrí in aghaidh na bliana de réir an Achta Sláinte 2007 Clárú Lárionad Ainmnithe do Dhaoine Scothaosta (Rialacháin 2009 (S.I. 245 de 2009) agus, Acht Sláinte 2007 Clárú Lárionad Ainmnithe do Dhaoine Scothaosta). (Leasú) Rialacháin 2013 (S.I. 493 de 2013).

## Nótaí leis na Ráitis Airgeadais

### An bhliain dar críoch an 31 Nollaig 2023

Aithnítear táillí bliantúla ó sholáthraithe Lárionad Ainmnithe do Dhaoine faoi Mhíchumas trí huaire in aghaidh na bliana de réir an Achta Sláinte 2007 maidir le Clárú Lárionad Ainmnithe do Dhaoine (Leanaí agus Daoine Fásta) faoi Mhíchumas 2013 (S.I. 366 de 2013).

(iii) Iarratas chun táillí a chlárú nó a athrú

Aithnítear iarratais ar tháillí a chlárú nó a athrú ar an táille ábhartha a fháil, de réir Ionstraim Reachtuil 245 de 2009, Rialacháin an Achta Sláinte 2007 (Clárú Lárionaid Ainmnithe do Dhaoine Scothaosta) 2009 agus Ionstraim Reachtuil 366 de 2013, an tAcht Sláinte 2007 (Clárú d'Ionaid Ainmnithe do Dhaoine (Leanaí agus Daoine Fásta) faoi Mhíchumas) Rialachán 2013.

(iv) Deontais eile

Aithnítear deontais eile, mar dheontais arna maoiniú ag an AE ar bhonn fabhráithe.

#### 1. (e) Sochair Ghearrthéarmacha d'Fhostaithe

Aithnítear sochair ghearrthéarmacha ar nós pá saoire mar speansas sa bhliain agus áirítear sochair a fhabhraítear ag deireadh na bliana san fhigiúr nithe iníoctha sa Ráiteas ar an Staid Airgeadais.

#### 1. (f) Infháiltas

Aithnítear nithe infháiltas ag luach cóir, lúide soláthar d'fhiacha amhrasacha. Is foráil shonrach í an fhoráil le haghaidh fiacha amhrasacha agus socraítear í nuair a bhíonn fianaise oibiachtúil ann nach mbeidh HIQA in ann na méideanna go léir atá dlite dó a bhailiú. Aithnítear gach gluaiseacht sa soláthar d'fhiacha amhrasacha sa Ráiteas Ioncaim agus Caiteachais agus Cúlchistí Ioncaim Coinnithe.

Ní dhéantar fiachas na dtáillí bliantúla a dhíscríobh ach amháin ar bhonn mheasúnú na bainistíochta ar an dóchúlacht go ndéanfar neamhbhailiú agus ar an gcostas bailiúcháin i gcomparáid leis an bhfiachas atá gan íoc. Aithnítear gach suim d'fhiachas a díscríobhadh sa Ráiteas Ioncaim agus Caiteachais agus Cúlchistí Ioncaim Coinnithe.

#### 1. (g) Léas oibriúcháin

Aithnítear caiteachas cíosa faoi léasanna oibriúcháin sa Ráiteas Ioncaim agus Caiteachais agus Cúlchistí Ioncaim Coinnithe thar shaolré an léasa. Aithnítear caiteachas ar bhonn dronlíneach thar thréimhse an léasa. Scaoiltear aon dreasachtaí léasa thar shaolré an léasa.



## Nótaí leis na Ráitis Airgeadais

### An bhliain dar críoch an 31 Nollaig 2023

#### 1. (h) Maoiniú caipitil

Maoinítear sócmhainní seasta HIQA ó mheascán de dheontais chaipitil agus leithdháiltí ó ioncam reatha. Aistrítear maoiniú a fhaightear ó dheontais chuig cuntas caipitil a amúchtar de réir dímheas na sócmhainní gaolmhara. Tugtar cuntas ar dheontais chaipitil maidir le caiteachas ceadaithe sa Ráiteas Caipitil Ioncaim agus Caiteachais ar bhonn fabhráithe. Cuirtear caiteachas a mhaoinítear ó mhaoiniú caipitil nach gcruthaítear sócmhainn dá bharr mar speansas ar an Ráiteas Caipitil Ioncaim agus Caiteachais ar bhonn fabhráithe.

#### 1. (i) Réadmhaoin, bogearraí ríomhaireachta, gléasra agus trealamh agus dímheas

Luaitear réadmhaoin, bogearraí ríomhaireachta, gléasra agus trealamh ag costas lúide dímheas carntha, arna choigeartú d'aon soláthar do lagú. Soláthraítear dímheas ar gach réadmhaoin, bogearraí agus trealamh ríomhaireachta, gléasra agus trealamh ag rátaí a mheastar chun an costas a dhíscríobh lúide luach iarmharach measta gach sócmhainne ar bhonn líne díri thar a saolréanna úsáideacha measta, mar seo a leanas:

- |   |               |
|---|---------------|
| ▶ Ús léasachta  | Saol an léasa |
| ▶ Troscán agus feistis  | 20%           |
| ▶ Bogearraí agus trealamh ríomhaireachta  | 33.33%        |
| ▶ Díscríobhtar bogearraí agus trealamh ríomhaireachta néalbhunaithe thar shaolré an chonartha |               |

Déantar éadálacha sócmhainní, beag beann ar fhoinse na gcistí, a chaipitliú cé is moite de shócmhainní arna gcistiú ó dheontais ioncaim (neamhchaipitil) a bhfuil luach faoi bhun na tairsí seo a leanas acu:

- |  |                     |
|--|---------------------|
| ▶ Trealamh nó troscán agus feistis         | - Níos lú ná €3,809 |
| ▶ Bogearraí ríomhaireachta nó trealamh TFC | - Níos lú ná €1,270 |

Léiríonn luach iarmharach an méid measta a gheofar faoi láthair ó dhiúscairt sócmhainne, tar éis na costais mheasta diúscartha a asbhaint, dá mbeadh an tsócmhainn in aois cheana féin agus sa riocht a mbeifí ag súil leis ag deireadh a ré úsáideach. Má tá fianaise oibiachtúil ann go bhfuil bearnú ar luach sócmhainne, aithnítear cailteanas bearnaithe sa Ráiteas ar Ioncam agus Caiteachas Caipitil agus Cúlchistí Ioncaim Coinnithe.

#### 1. (j) Sócmhainní Doláimhsithe

Is éard atá i sócmhainní doláimhsithe ná bogearraí a fuair HIQA. Déantar costais sheachtracha na gceadúnas bogearraí agus na forbartha a chaipitliú nuair is féidir é a shainaithint ar leithligh mar bhogearraí lena n-úsáid ag HIQA, is féidir é a rith ar bhonneagar HIQA féin nó ar bhonneagar tríú páirtí agus áit a bhfuiltear ag súil go gcuirfidh sé tairbhí gnó in iúl ar feadh roinnt blianta amach anseo. Díscríobhtar costais taighde de réir mar a thabhaítear iad.

## Nótaí leis na Ráitis Airgeadais

### An bhliain dar críoch an 31 Nollaig 2023

Díscríobhtar caiteachas tabhaithe ar bhogearraí (conarthaí óstála) a bhfuil na cearta ag HIQA chun rochtain a fháil orthu ar bhonneagar ríomhaireachta soláthraithe, lena n-áirítear costais chumraíochta agus oiriúnaithe, de réir mar a thabhaítear iad. I gcás ina bhfuil caiteachas den sórt sin arna mhaoiniú ag maoiniú caipitil, muirearaítear ar an gCuntas Ioncaim Caipitil agus Caiteachais.

#### 1. (k) Aoisliúntas

De réir Alt 27 den Acht Sláinte 2007, tá scéim aoisliúntais bunaithe ag HIQA atá faofa ag an Roinn Sláinte.

Is scéim aoisliúntais sochair shainithe í an scéim d'fhostaithe. Níl aon soláthar déanta maidir le sochair iníoctha. Cuirtear ranníocaíochtaí ó fhostaithe atá ina mbaill den scéim chun sochair an Ráiteas Ioncaim agus Caiteachais agus Cúlchistí Ioncaim Coinnithe nuair a fhaightear iad. Cuirtear íocaíochtaí pinsin faoin scéim de mhuirear ar an Ráiteas Ioncaim agus Caiteachais agus Cúlchistí Ioncaim Coinnithe nuair a íoctar iad. Ar ordú ón Aire Sláinte, níl aon soláthar déanta maidir le sochair iníoctha sna blianta atá le teacht.

#### 1. (l) Scéim pinsin seirbhíse poiblí aonair

Tá gach iontrálaí nua san earnáil phoiblí le héifeacht ón 1 Eanáir 2013 ina gcomhaltaí den scéim pinsin aonair seirbhíse poiblí, áit a n-íoctar gach asbhaint pinsin fostaithe leis an Roinn Caiteachais Phoiblí, Sheachadadh PFN agus Athchóirithe. Cuirtear íocaíochtaí pinsin faoin scéim de mhuirear ar an Ráiteas Ioncaim agus Caiteachais agus Cúlchistí Ioncaim Coinnithe nuair a íoctar iad. Ar ordú ón Aire Sláinte, níl aon soláthar déanta maidir le sochair iníoctha sna blianta atá le teacht.

#### 1. (m) Breithiúnais agus meastacháin chuntasaíochta chriticiúla

Éilíonn ullmhú na ráiteas airgeadais ar an mbainistíocht breithiúnais, meastacháin agus boinn tuisceana a dhéanann difear do na méideanna a thuairiscítear do shócmhainní agus dliteanais ar dháta an ráitis ar an staid airgeadais agus ar na méideanna a thuairiscítear le haghaidh ioncaim agus speansais i rith na bliana. Mar sin féin, ciallaíonn nádúr an mheastacháin go bhféadfadh na torthaí iarbhir a bheith difriúil ó na meastacháin seo. Bhí an tionchar is suntasaí ag an mbreithiúnas seo a leanas ar mhéideanna aitheanta sna ráitis airgeadais:

##### Dímheas agus luachanna iarmharacha

Tá athbhreithniú déanta ag HIQA ar shaolréanna sócmhainní agus ar luachanna iarmharacha gaolmhara na sócmhainní seasta go léir, agus go háirithe ar shaolré úsáideach eacnamaíoch agus luachanna iarmharacha daingneáin agus feisteas, agus chinn sé go bhfuil saolré sócmhainní agus luachanna iarmharacha oiriúnach.

## Nótaí leis na Ráitis Airgeadais

### An bhliain dar críoch an 31 Nollaig 2023

#### 2. Ioncam ó Tháillí Bliantúla agus ó Chlárúcháin

	2023	2022
	€	€
Táillí bliantúla	6,835,783	6,622,633
Táillí clárúcháin	523,178	412,550
	<b>7,358,961</b>	<b>7,035,183</b>

#### 3. Ioncam eile

	2023	2022
	€	€
An Roinn Sláinte:		
- Deontas Painéil Saineolaithe Tithe Altranais	4,177,553	4,026,788
- Coiste Comhairleach Náisiúnta Scagthástála	501,192	323,521
- Fianaise do Bheartas	-	55,000
- Clár Imdhíonta	202,590	-
An Roinn Leanaí, Comhionannais, Míchumais Lánpháirtíochta agus Óige:		
- Deontas Monatóireachta na Seirbhísí um Lóistín Cosanta Idirnáisiúnta (SLCI)	1,132,549	390,585
Ranníocaí aoisliúntais	533,591	529,834
Deontais AE agus deontais eile	-	3,603
An Coimisiún Meabhair-Shláinte	1,815	75,990
Deontais an Bhoird Taighde Sláinte	435,048	380,516
Feidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte - Clár Náisiúnta um Thaithí Chúraim	128,013	502,580
Ús faighte	51,487	59
Ioncam ilghnéitheach	658	340
<b>Iomlán</b>	<b>7,164,496</b>	<b>6,288,816</b>

## Nótaí leis na Ráitis Airgeadais

### An bhliain dar críoch an 31 Nollaig 2023

#### 4. Costais foirne

	2023	2022
	€	€
Pá agus tuarastail	23,858,974	21,856,520
Pinsin	1,273,557	1,264,587
Foireann gníomhaireachta	1,236,416	843,090
Táillí chomhaltaí an Bhoird	91,485	96,615
Árachas Sóisialach Pá-Choibhneasa fostóirí	2,460,005	2,250,686
<b>Iomlán</b>	<b>28,920,437</b>	<b>26,311,498</b>

Asbhaineadh ranníocaíochtaí aoisliúntais breise de €840,891 (2022, €656,469) ó thuarastail na foirne agus cuireadh ar ais chuig an Roinn Sláinte iad.

Asbhaineadh ranníocaíochtaí aoisliúntais de €728,244 (2022 €542,224) ó bhaill foirne de chuid thuarastail na Scéime Pinsin Seirbhíse Poiblí Aonair agus cuireadh ar ais chuig an Roinn Caiteachais Phoiblí, Sheachadadh PFN agus Athchóirithe iad.

#### 5. Luach Saothair

##### 5. (a) Sochair Fostaithe Comhiomlána

	2023	2022
	€	€
Sochair ghearrthéarmacha d'fhostaithe	23,858,974	21,856,520
Teidlíocht saoire bhliantúil gan íoc	235,902	224,925
Ranníocaíocht fostóra le leas sóisialach	2,460,005	2,250,686
	<b>26,554,881</b>	<b>24,332,131</b>

Ba é 364 líon iomlán foirne coibhéise lánaimseartha fostaithe ag deireadh na bliana (2022 336)

## Nótaí leis na Ráitis Airgeadais

### An bhliain dar críoch an 31 Nollaig 2023

#### 5. Luach Saothair (ar lean)

##### 5. (b) Sochair Ghearrthéarmacha

	2023	2022
	€	€
Bunphá	23,858,974	21,856,520
	<b>23,858,974</b>	<b>21,856,520</b>

##### 5. (c) Príomhphearsanra Bainistíochta

Tá an Príomhfheidhmeannach agus ochtar comhaltaí den Fhoireann Bainistíochta Feidhmiúcháin i measc príomhphearsanra bainistíochta. Tá luach iomlán na sochar fostaithe do phríomhphearsanra bainistíochta leagtha amach thíos.

	2023	2022
	€	€
Príomhoifigeach Feidhmiúcháin (nóta 1)	176,435	131,294
Príomhphearsanra Bainistíochta Eile	1,113,352	1,065,922
	<b>1,289,787</b>	<b>1,197,216</b>

#### Nóta 1

Thosaigh Príomh-Oifigeach Feidhmiúcháin HIQA ag obair ar an 28 Márta 2022.

Níl luach na sochar scoir a tuilleadh sa tréimhse san áireamh. Tá an Príomhfheidhmeannach agus na príomhphearsanra bainistíochta eile ina mbaill de scéim pinsin HIQA agus ní théann a dteidlíochtaí ina leith sin thar théarmaí na scéime pinsin eiseamláireach seirbhíse poiblí.

Aisíocadh le príomhphearsanra bainistíochta HIQA €55,731 (2022 €36,596) le haghaidh taisteal, cothabháil agus costais eile thabhairthe agus iad ag déanamh a ndualgas.

Tá sonraí na dtáillí tuillte agus na speansais a aisíocadh le comhaltaí an Bhoird leagtha amach sa Ráiteas Rialachais agus i dTuarascáil Chomhaltaí an Bhoird.

## Nótaí leis na Ráitis Airgeadais

### An bhliain dar críoch an 31 Nollaig 2023

#### 6. Sochair Ghearrthéarmacha d'Fhostaithe

Déantar sochair ghearrthéarmacha fostaithe os cionn €60,000 a chatagóiriú sna bandaí seo a leanas:

Sochair d'fhostaithe	2023 Uimhir	2022 Uimhir
€60,001 - €70,000	57	74
€70,001 - €80,000	86	68
€80,001 - €90,000	31	25
€90,001 - €100,000	21	13
€100,001 - €110,000	6	8
€110,001 - €120,000	7	4
€120,001 - €130,000	2	0
€130,001 - €140,000	0	1
€140,001 - €150,000	0	1
€150,001 - €160,000	0	3
€160,001 - €170,000	4	0
€170,001 - €180,000	1	0

Ba é líon iomlán na ranníocaíochtaí pinsin fostóra a íocadh i rith na bliana ná nialas (2022 nialas).

Chun críocha an nochta seo, áirítear le sochair fostaithe gearrthéarmacha maidir le seirbhísí a soláthraíodh le linn na tréimhse tuairiscithe tuarastal, liúntais ragoibre agus íocaíochtaí eile a dhéantar thar ceann an fhostaí, ach ní áirítear Árachas Sóisialach Pá-Choibhneasa an fhostóra.

#### 7 Meánlíon Fostaithe

	2023	2022
Príomhchigire na Seirbhísí Sóisialta	173	173
Rialachán Cúraim Sláinte	37	26
Measúnú Teicneolaíochta Sláinte	32	27
Faisnéis agus Caihdeáin Sláinte	40	39
Foireann tacaíochta	69	68
	<b>351</b>	<b>333</b>

Amhail an 31 Nollaig, bhí 364 ball foirne coibhéise lánaimseartha fostaithe ag HIQA (2022 336)

## Nótaí leis na Ráitis Airgeadais

### An bhliain dar críoch an 31 Nollaig 2023

#### 8. Taisteal agus Cothabháil

	<b>2023</b>	<b>2022</b>
	€	€
<b>Baile</b>		
Bord	6,648	2,716
Fostaithe	848,284	707,757
<b>Idirnáisiúnta</b>		
Fostaithe	42,707	22,280
Seirbhísí gairmiúla seachtracha*	2,031	583
	<b>899,670</b>	<b>733,336</b>

Áirítear le taisteal agus cothabháil an Bhoird €1,945 a íocadh le comhaltaí den Bhord go díreach (2022 €1,221). Baineann an t-iarhmhéid de €4,703 (2022 €1,495) le caiteachas a d'íoc HIQA thar ceann comhaltaí den Bhord maidir le cóiríocht óstáin. Sa chás gur sholáthair HIQA lóistín óstáin, ní raibh aon éileamh cothaithe ag comhalta Boidr.

\*Baineann an costas seo le costais taistil agus chothaithe a thabhaigh HIQA mar chuid den chostas conartha a bhain le seirbhísí gairmiúla áirithe a fháil.

## Nótaí leis na Ráitis Airgeadais

### An bhliain dar críoch an 31 Nollaig 2023

#### 9. Muirir Ghairmiúla

	2023	2022
	€	€
Comhairle dlí	120,919	133,142
Seirbhísí gairmiúla agus comhairleoireacht TFC	772,399	123,917
Forbairt Straitéiseach Acmhainní Daonna	272,449	208,757
Forbairt Bainistíochta Airgeadais	3,136	26,912
Caighdeáin Forbartha agus Sláinte		
Measúnuithe teicneolaíochta	65,743	41,337
Rialachas	191,548	32,076
Athbhreithniú Straitéiseach ar Chláir Shuirbhé	46,881	-
Ceartha Daonna laistigh den Mhodheolaíocht Chigireachta	-	12,177
Taighde Maoirseachta Margaidh	-	2,370
Táillí ailtireachta	32,203	-
Seirbhísí Cosanta Sonraí	238	33,090
Seirbhísí tacaíochta pinsin	76,776	80,131
Seirbhísí soláthair	820	520
Straitéis	23,520	6,000
Eile	(645)	6,290
<b>Seirbhísí gairmiúla iomlána</b>	<b>1,605,987</b>	<b>706,719</b>



## Nótaí leis na Ráitis Airgeadais

### An bhliain dar críoch an 31 Nollaig 2023

#### 10. Costais tacaíochta

	2023	2022
	€	€
Earcaíocht	230,122	212,667
Oiliúint agus forbairt foirne	479,198	390,030
Ballraíocht chomhairleach agus síntiúis	297,563	102,774
Teileafón	196,764	195,779
Tacaíocht agus soláthairtí TF	2,246,349	2,680,535
Néalseirbhísí	381,916	104,372
Iníúchadh inmheánach	47,700	40,532
Iníúchadh seachtrach	19,000	19,000
Postas agus stáiseanáireacht	113,141	96,867
Monatóireacht ar na meáin	10,505	11,199
Teachtairí	2,115	1,536
Íoc pras ús agus táillí	1,666	4,432
Táillí bainc	1,511	4,148
<b>Iomlán</b>	<b>4,027,550</b>	<b>3,863,871</b>

## Nótaí leis na Ráitis Airgeadais

### An bhliain dar críoch an 31 Nollaig 2023

#### 11. Costais Bhunaíochta

	2023	2022
	€	€
Cíos	1,616,655	1,408,200
Léasanna Foirgníochta - cúlchistí saor ó chíos	(1,331)	234,398
Muirear seirbhíse fhoirgnimh	282,990	307,442
Árachas	17,039	16,374
Deisiúcháin agus cothabháil	152,166	164,970
Seomra cruinnithe ar cíós	15,120	28,835
Imeachtaí páirtithe leasmhara agus lónadóireacht	52,100	36,794
Solas agus teas	199,253	213,158
Glanadh, agus dramhaíl	144,653	123,442
Slándáil	174,529	171,151
Coinneáil agus stóráil taifead	3,892	2,565
Sláinte agus sábháilteacht	46,253	8,328
<b>Iomlán</b>	<b>2,703,319</b>	<b>2,715,657</b>

## Nótaí leis na Ráitis Airgeadais

### An bhliain dar críoch an 31 Nollaig 2023

#### 12. Sócmhainní Seasta

	Ús léasachta €	Daingneáin agus feistis €	Bogearraí agus trealamh ríomhaireachta €	Iomlán €
<b>Costas nó luacháil</b>				
Iarmhéid amhail an 1 Eanáir 2023 - Nóta				
18 athshonraithe	2,822,222	868,540	7,539,259	11,230,021
Breiseanna	598,564	252,174	743,535	1,594,273
Diúscairtí	(36,721)	-	(376,343)	(413,064)
Costas nó luacháil ar an 31 Nollaig 2023	3,384,065	1,120,714	7,906,451	12,411,230
<b>Dímheas carntha</b>				
Iarmhéid amhail an 1 Eanáir 2023 - Nóta				
18 athshonraithe	1,440,180	736,364	6,013,596	8,190,140
Muirear dímheasa don tréimhse	150,662	74,505	785,369	1,010,536
Dímheas carntha ar dhiúscairt	(36,721)	-	(376,343)	(413,064)
Dímheas carntha ar an 31 Nollaig 2023	1,554,121	810,869	6,422,622	8,787,612
<b>Glanluach de réir na leabhar amhail an 31 Nollaig 2023</b>	<b>1,829,944</b>	<b>309,845</b>	<b>1,483,829</b>	<b>3,623,618</b>
<b>Glanluach de réir na leabhar amhail an 31 Nollaig 2022 - Nóta 18 athshonraithe</b>	<b>1,382,042</b>	<b>132,176</b>	<b>1,525,663</b>	<b>3,039,881</b>

## Nótaí leis na Ráitis Airgeadais

### An bhliain dar críoch an 31 Nollaig 2023

#### 13. Infháltais

	2023	2022
	€	€
Infháltais táille bhliantúil	11,590	5,490
Réamhíocaíochtaí	1,283,903	1,054,292
An Roinn Leanaí, Comhionannais, Míchumais, Lánpháirtíochta agus Óige	-	393,234
Feidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte	-	453,830
An Roinn Sláinte – Deontais		
Chaipitiúla infhaighte	227,457	295,173
Féichiúnaithe Tionscadail	299,133	205,358
Infháltais Phárolla	48,539	41,419
Infháltais Eile	35,935	11,775
	<b>1,906,557</b>	<b>2,460,571</b>

#### 14. Iníochta (méideanna a bheidh dlite laistigh de bhliain amháin)

	2023	2022
	€	€
Iníochta	385,618	250,499
Ioncam réamhíochta	12,493	72,405
Ioncam tionscadail réamhíochta	405,537	134,158
Fabhruithe trádála	996,176	983,207
Asbhaintí párolla	824,245	889,365
Fabhrú pá saoire	235,902	224,925
Léasanna Foirgníochta - Cúlchistí saor ó chíos	290,856	292,187
	<b>3,150,827</b>	<b>2,846,746</b>

## Nótaí leis na Ráitis Airgeadais

### An bhliain dar críoch an 31 Nollaig 2023

#### 15. Cuntas Caipitil

		2023	2022
		€	€
larmhéid tosaigh ar 1 Eanáir		3,039,881	2,030,381
<b>Gluaiseacht don tréimhse</b>			
Caiteachas ó chaipiteal agus ó dheontas chlár TFC		4,776,698	3,646,238
Bogearraí arna n-óstáil sa Néal	18	(2,346,563)	(668,162)
Caiteachas neamhchaipitiúil (Nóta 1)		(835,862)	(907,470)
Diúscairtí		(413,064)	-
Méid amúchta de réir dímheasa don tréimhse	18	(1,010,536)	(1,061,106)
Dímheas carntha ar dhiúscairtí		413,064	-
<b>larmhéid ar 31 Nollaig</b>		<b>3,623,618</b>	<b>3,039,881</b>

#### Nóta 1

Baineann caiteachas neamhchaipitiúil le caiteachas ar tháillí gairmiúla, nár chomhlíon sainmhíniú CTU 102 ar shócmhainn sheasta.

#### 16. Ceangaltais Chaipitil

		2023	2022
		€	€
Ar conradh le haghaidh		1,946,168	1,684,720
		<b>1,946,168</b>	<b>1,684,720</b>

## Nótaí leis na Ráitis Airgeadais

### An bhliain dar críoch an 31 Nollaig 2023

#### 17. Ceangaltais Léasachta

Amhail an 31 Nollaig 2023, bhí an íocaíocht íosta léasa seo a leanas sa todhchaí ag HIQA faoi léasanna oibriúcháin nach féidir iad a chur ar ceal do gach ceann de na tréimhsí seo a leanas:

	2023	2022
Laistigh de bhliain amháin	€415,924	€415,924
Idir dhá agus cúig bliana	€1,663,694	€1,663,694
Tar éis cúig bliana	€4,262,745	€4,678,668

Tá mionsonraithe maidir le gach suíomh oifige arna áitiú ag HIQA le linn na bliana leagtha amach thíos:

Suíomh	Léas-sealbhóir	Dáta Éaga	Cíos Bliantúil
Baile Átha Cliath - Margadh na Feirme	Oifig na nOibreacha Poiblí	2028	€1,177,571
Corcaigh – Foirgneamh Mhachan 1000	Oifig na nOibreacha Poiblí	2028	€388,941 – iníoctha ag OOP agus níor cuireadh ar HIQA
Corcaigh – Foirgneamh Mhachan 1000	HIQA	2041 (Clásal Scoir in 2028)	€201,354
Gaillimh – Bóthar Áth Cinn*	Oifig na nOibreacha Poiblí	2026 (Thug HIQA an foirgneamh ar ais do OOP i mí na Nollag 2023)	€20,151
Gaillimh – Sráid Forster	HIQA	2036	€214,570

## Nótaí leis na Ráitis Airgeadais

An bhliain dar críoch an 31 Nollaig 2023

### 18. Coigeartú ón mBliain roimhe

I bhfianaise na bhforbairtí i gcuir chuige do chuntasaíocht i ndáil le Sócmhainní Doláimhsithe a bhaineann le conarthaí óstála bhogearraí TFC, chinn HIQA gur cheart méideanna a caipitlíodh roimhe sin a rangú mar chonarthaí seirbhíse agus a chur san áireamh dá réir sin. Níl aon tionchar ag an athrú seo maidir le beartas cuntasaíochta ar an olltoradh a tuairiscíodh do 2022 nó ar chúlchistí ioncain choimeádta amhail an 31 Nollaig 2022. Rangaítear caiteachas ar bhogearraí arna óstáil ar an néal ar leithligh anois ar ráiteas ioncain caipitil agus caiteachais.

Mar go gceanglaítear le beartas cuntasaíochta míreanna den sórt sin le tabhú seachas caipitliú, tá sé mar thoradh ar an gcoigeartú laghdú €930,325 ar ghlanluach de réir na leabhar do shócmhainní bogearraí ríomhaireachta ar an 1 Eanáir 2022 agus laghdú €1,036,748 ag deireadh na bliana. Tá coigeartuithe comhfhreagracha ar an gcuntas caipitil. Tá laghdú €561,739 ar dhímheas agus ar amúchadh meaitseála de réir an ráitis ar ioncam caipitil agus ar chaiteachas do 2022.

### 19. Leasanna Chomhaltaí an Bhoird

Tá nósanna imeachta ag an Údarás chun déileáil le coinbhleachtaí leasa, i gcomhréir le treoirlínte arna n-eisiúint ag an Roinn Caiteachais Phoiblí, Sheachadadh PFN agus Athchóirithe.

### 20. Faomhadh na ráiteas airgeadais

D'fhaomh an Bord na ráitis airgeadais seo ar an 17 Aibreán 2024.

# Aguisíní

# 7



## Aguisín 1: Dualgas um Chomhionannas agus Cearta Daonna na hEarnála Poiblí

Cuireann an tAcht um Choimisiún na hÉireann um Chearta an Duine agus Comhionannas 2014 dualgas ar gach comhlacht poiblí cearta an duine a chosaint, comhionannas a chur chun cinn agus idirdhealú a dhíothú. Tá HIQA tiomanta do chearta an duine a chur chun cinn agus a chosaint, agus úsáideann sé cur chuige atá bunaithe ar chearta an duine san obair a dhéanann sé.

Rinne HIQA measúnú ar cheisteanna comhionannais agus cearta an duine atá ábhartha don eagraíocht agus leag sé amach gníomhaíochtaí chun aghaidh a thabhairt orthu siúd i bPlean Corparáideach HIQA 2022-2024. Tá dhá cheann de na sé phríomhchuspóir straitéiseacha atá leagtha amach sa doiciméd seo ag díriú ar cheisteanna cearta an duine agus comhionannais, lena n-áirítear na cuspóirí straitéiseacha chun:

- ▶ comhionannas agus cearta daonna na ndaoine a úsáideann seirbhísí cúram sláinte agus cúraim shóisialta a chur chun cinn agus a chosaint;
- ▶ ár dtaithe a úsáid le bheith mar ghuth iontaoifa ar cháilíocht, sábháilteacht agus cearta an duine i seirbhísí sláinte agus cúraim shóisialta.

Chun na cuspóirí seo a bhaint amach, rinne HIQA obair fhairsing in 2023, mar atá leagtha amach thíos:

	Gníomh	Stádas
1.	Modheolaíocht chigireachta agus monatóireachta a uasdátú, lena n-áirítear treoirleá chun <i>Treoirleá ar Chur Chuige Bunaithe ar Chearta an Duine i Seirbhísí Cúraim Sláinte agus Cúraim Shóisialta</i> de chuid HIQA a ghlacadh isteach.	Críochnaithe
2.	Athbhreithniú a dhéanamh ar thionchar ag oiliúint cearta an duine a soláthraíodh d'fhoireann na stiúrtóireachta ar conas atá cearta na n-úsáideoirí á scrúdú ar chigireacht agus á léiriú inár dtuarascálacha cigireachta.	Críochnaithe
3.	Dhá pháipéar taighde a fhoilsiú ina gcuirtear síos ar an gcineál agus ar an minicíocht úsáide cleachtais shriantaigh i dtithe altranais agus i seirbhísí míchumais	Críochnaithe
4.	Uirlisí a fhorbairt chun tacú le cur chun feidhme <i>na gCaighdeáin Náisiúnta um Sheirbhísí Sóisialta do Leanáí</i> trí chur chuige bunaithe ar chearta an linbh a úsáid agus obair i gcomhar le soláthraithe seirbhíse.	Críochnaithe
5.	Clár rannpháirtíochta le cónaitheoirí agus le leanáí na seirbhísí cúraim shóisialta a fhorbairt agus an rannpháirtíocht sin a thuairisciú inár dtuarascálacha cigireachta agus forbheathnaithe.	Críochnaithe
6.	Creat measúnúbhreithiúnias a fhorbairt maidir le Seirbhís um Lóistín Cosanta Idirnáisiúnta (SLCI) ó thaobh cearta de, a ghlacann ceart chun gutha isteach do dhaoine atá ina gcónaí in ionaid chóiríochta.	Críochnaithe

7.	Trínár dtaithí a úsáid, tacú leis an Roinn Sláinte chun leasú rialála eatramhach ar an Acht Sláinte 2007 (arna leasú) agus rialacháin a sholáthar, lena n-áirítear obair leanúnach mar chuid den Ghrúpa Leasaithe Rialála Déthaobhach ar leasuithe reachtaíochta pleanáilte mar a bhaineann sé le sainchúram Príomh-Chigire chun monatóireacht a dhéanamh ar sheirbhísí le haghaidh daoine scothaosta i dtithe altranais.	Críochnaithe
7.	I gcomhar leis an Roinn Sláinte, taighde agus comhairliúchán páirtithe leasmhara a dhéanamh chun eolas a dhéanamh do chaighdeán náisiúnta do chúram baile agus chun tacú le hailíniú le reachtaíocht an rialtais, a bheidh bunaithe ar na prionsabail chearta daonna, sábháilteachta, fhreagrachta agus fhreagrúlachta.	Ar siúl
8.	Bunaithe ar phrionsabail chearta an duine, acmhainní oideachais ar abhcóideacht a fhorbairt chun cabhrú le cur chun feidhme na gcaighdeán náisiúnta.	Críochnaithe
9.	Dul i rannpháirtíocht le príomhpháirtithe leasmhara chun na moltaí atá leagtha amach sa Ghá le Leasú in Éirinn de chuid an Chórais Náisiúnta Faisnéise Sláinte a chur chun tosaigh agus chun eolas a dhéanamh do bheartas náisiúnta maidir le faisnéis sláinte.	Críochnaithe
10.	Forbairt Caighdeán Náisiúnta Uileghabhálacha um Chúram agus Tacaíocht Leanaí a úsáideann Seirbhísí Sláinte agus Cúraim Shóisialta a chur i gcrích agus a chur isteach le haghaidh faomhadh aire.	Críochnaithe
11.	Treoirlíne a fhoilsiú ar <i>Chur Chuige Bunaithe ar Chearta an Duine i Seirbhísí Cúraim Sláinte agus Cúraim Shóisialta</i> , atá ar fáil ar <a href="http://www.hiqa.ie">www.hiqa.ie</a> .	Críochnaithe
12.	Comhionannas, éagsúlacht agus cuimsiú a mheas go hiomchuí agus go córasach i ngach Measúnú ar Theicneolaíocht Sláinte (MTS). Anailís eiticíuil le breithniú i ngach tionscadal agus le cur san áireamh i bhfoilseacháin, nuair is cuí.	Críochnaithe
13.	Treochlár Gníomhaireachta um Inbhuanaitheacht a fhorbairt ina leagfar amach conas a ghlacfar inbhuanaitheacht isteach in obair HIQA agus conas a bhainfear amach a spriocanna maidir le héifeachtúlacht fuinnimh agus laghdú astaíochtaí gáis ceaptha teasa.	Ar siúl
14.	Múnla Oibre Cumaiscthe HIQA ar Thodhchaí Oibre a Chur chun Feidhme.	Críochnaithe
15.	<i>Plean Gníomhaíochta um Sheirbhís do Chustaiméirí do 2023</i> a Uasdátú.	Críochnaithe
16.	Sraith cainteanna inmheánacha agus imeachtaí a reáchtáil a thacaíonn le héagsúlacht, cuimsiú agus cearta an duine, mar chuid de na gníomhaíochtaí ag an Meitheal um Éagsúlacht agus Cuimsiú.	Críochnaithe

## Aguisín 2: Foilseacháin acadúla

- ▶ Cardwell K, Clyne B, Broderick N, Tyner B, Masukume G, Larkin L, et al. *Ceachtanna foghlamtha ó phaindéim COVID-19 i dtíortha roghnaithe chun eolas a dhéanamh do neartú córas sláinte poiblí: staidéar cáilíochtúil*. *Sláinte Phoiblí*. 2023;225:343-52.
- ▶ Cardwell K, Quigley J, Clyne B, Tyner B, Carrigan M, Smith SM, et al. *Faightear amach in athbhreithniú córasach go bhfuil easpa comhsheasmhachta agus mionsonraithe ag próisis a úsáidtear go hidirnáisiúnta chun treoirínite cliniciúla a uasdátú*. *Fianaise & Beartas*. 2023;19(4):572-90.
- ▶ Chong MC, Sharp MK, Smith SM, O'Neill M, Ryan M, Lynch R, et al. *Moltaí láidre ó fhianaise íoschinnteachta: anailís ttrasghearrthach ar shraith treoirínite náisiúnta*. *Modheolaíocht Taighde BMC Medical*. 2023;23(1):68.
- ▶ Clyne B, Hynes L, Kirwan C, McGeehan M, Byrne P, Killilea M, et al. *Dearcthaí ar tháirgeadh, agus úsáid, fianaise mire i gcinnteoireacht le linn phaindéim COVID-19: staidéar cáilíochtúil*. *Leigheas atá Bunaithe ar Fhianaise BMJ*. 2023;28(1):48-57.
- ▶ Connolly D, Keane, A. Caighdeáin, rialúchán agus feabhas ar cháilíocht i seirbhísí cúraim sláinte agus cúraim shóisialta. In Lalor, K, Share, P & Brown, T. *Obair Cúraim Shóisialta: Réamhrá do mhic léinn in Éirinn*. Baile Átha Cliath. An Foras Riaracháin, 2023. lth 43-57.
- ▶ Dullea A, O'Sullivan L, Carrigan M, Ahern S, McGarry M, O'Brien K, Harrington P, Walsh KA, Smith SM, Ryan M. *Cruinneas Diagnóiseach Sain-antaigine Scannáin Phróstataigh 18F (PSMA) Radairianairí PET-CT maidir le céim a chinneadh agus a athchinneadh d'othair atá faoi ardriosca ailse próstataigh agus d'othair a bhfuil filleadh bithcheimiceach acu: prótacal d'fhorbhreathnú ar athbhreithnithe*. *HRB Taighde Oscailte*. 20 Meán Fómhar 2023;6:57.
- ▶ Dunbar P, Keyes LM, Browne JP, (2023) *Cinntithigh comhlíonta rialála i seirbhísí cúraim sláinte agus cúraim shóisialta: Athbhreithniú córasach ag úsáid an Chreat Chomhdhlúite do Chur chun Feidhme Taighde*. *Plos One* 18 (4) Ar fáil ar líne ar: <https://journals.plos.org/plosone/article?id=10.1371/journal.pone.0278007>
- ▶ Dunbar P, McGrane N, Keyes LM, Comhcheangal na Saintréithe Eagraíochta, Timpeallachta agus Soláthair Foirne i Saoráidí Cúraim Cónaithe agus Grádú Riosca Fógraí Reachtúla: Staidéar Trasghearrthach in Éirinn. *Iris um Shábháilteacht Othar*, 10.1097 Ar fáil ar líne ar: [https://journals.lww.com/journalpatientsafety/fulltext/9900/the\\_association\\_of\\_organizational\\_environmental.169.aspx](https://journals.lww.com/journalpatientsafety/fulltext/9900/the_association_of_organizational_environmental.169.aspx)
- ▶ Drummond L, Guiney SJ, Connolly D, Foley C, O'Connor L, O'Carroll T, Flynn R, Rohde D. *Taithí ar Chinnteoireacht Chomhroinnte in ospidéal ghéarmhíochaine: Anailís thánaisteach modhanna measctha ar Shuirbhé Náisiúnta ar Eispéireas Othar Cónaitheach na hÉireann, Oideachas agus Comhairleoireacht Othar, Imleabhar 113, 2023, 107755. Ar fáil ar líne ar: <https://doi.org/10.1016/j.pec.2023.107755>*.
- ▶ Kelly Y, O'Rourke N, Flynn R, Hegarty J, O'Connor L. *Sainmhínte ar chaighdeáin sláinte agus cúraim shóisialta a úsáidtear go hidirnáisiúnta: Athbhreithniú insinte*. *Iris Idirnáisiúnta um Pleanáil agus Bainistíocht Sláinte*. 2023; 38(1): 40-52. Ar fáil ar líne ar: <https://doi.org/10.1002/hpm.3573>

- ▶ Kelly Y, O'Rourke N, Flynn R, Hegarty J, O'Connor L. *Tosca a bhfuil tionchar acu ar chur chun feidhme na gcaighdeán seirbhísí cúraim sláinte agus cúraim shóisialta a dtacaítear leo go (hidir)náisiúnta: athbhreithniú córasach agus meatachoimre*. *Cáilíocht & Sábháilteacht BMJ*; (08 Meitheamh 2023). Ar fáil ar líne ar: <https://doi.org/10.1136/bmjqs-2022-015287>
- ▶ McCarthy S, Connolly D, Weir L, O'Connor L, O'Rourke N. *Cúrsaí Foghlama Ar Líne a Úsáid mar Uirlis chun Tacú le Cur chun Feidhme Caighdeán Náisiúnta: Staidéar Cáis*. *Iris um Chúram Sóisialta*. 2023; 3(9).
- ▶ McGrane N, Dunbar P agus Keyes LM (2023). *Chun achoimre a dhéanamh ar chur chuige agus ar thorthaí an PPIE ar tugadh faoi mar chuid de chlár taighde tánaisteach le daonra leochaileach, a bhí deacair a shroichint le linn phaindéim COVID-19*. *Rannpháirtíocht Taighde* 9(31). Ar fáil ar líne ar: <https://researchinvolvement.biomedcentral.com/articles/10.1186/s40900-023-00416-7>
- ▶ McGrane N, Dunbar P, LM Keyes (2023) *Chun achoimre a dhéanamh ar chur chuige agus ar thorthaí an PPIE ar tugadh faoi mar chuid de chlár taighde tánaisteach le daonra leochaileach, deacair a shroichint le linn phaindéim COVID-19*. *Rannpháirtíocht Taighde* 9(31). Ar fáil ar líne ar: <https://pubmed.ncbi.nlm.nih.gov/37165377/>
- ▶ McGrane N, Dunbar P, Keyes LM,. *Tosca a chuireann le teagmhais dhíobhálacha i saoráidí cúraim fhadtéarmaigh in Éirinn, anailís ábhair*. *JAMDA*. Ar fáil ar líne ag: [https://www.jamda.com/article/S1525-8610\(23\)00975-1/pdf#:~:text=For%20Unsafe%20Acts%2C%20the%20largest,by%20unexplained%20absences%20\(22%25\)](https://www.jamda.com/article/S1525-8610(23)00975-1/pdf#:~:text=For%20Unsafe%20Acts%2C%20the%20largest,by%20unexplained%20absences%20(22%25)).
- ▶ McMahon M, O'Connor A, Dunbar P, Delaney A, Behan L, Grogan C, Keyes LM, (2023) *Mortlaíocht i saoráidí cúraim chónaithe do dhaoine faoi mhíchumas, anailís thuairsciúil thrasghearrthach modhanna measctha ar fhógraí reachtúla in Éirinn*. *BMJ Oscailte* 13. Ar fáil ar líne ar: <https://bmjopen.bmj.com/content/13/5/e065745>
- ▶ Morrissey D, O'Donnell EA, Behan L, McMahon M, Keyes LM (2023) *Sainmhínte ar ghortú trom i saoráidí cúraim fhadtéarmaigh: prótacal athbhreithnithe chórasaigh*. *HRB Taighde Oscailte* 6, 66. Ar fáil ar líne ar: <https://hrbopenresearch.org/articles/6-66>
- ▶ Ó Coimín D, Rohde D, Foley C, O'Carroll T, Flynn R. *Ag fáil bháis, bás agus méala: suirbhé náisiúnta gaolta faoi mhéala a fhorbairt*. *BMC Cúram Maolaitheach* 22, 14 (2023). Ar fáil ar líne ar: <https://doi.org/10.1186/s12904-023-01135-2>
- ▶ O'Hora et al: *Leibhéil thagartha dhiagnóiseacha náisiúnta a bhunú do radagrafaíocht, mamagrafaíocht agus seirbhísí ionsú-mhéadrachta x-ghathaithe défhuinnimh in Éirinn agus iad a chur i gcomparáid le leibhéil thagartha dhiagnóiseacha Eorpacha*; 2023. Ar fáil ar líne ar: <https://pubmed.ncbi.nlm.nih.gov/37505250/>
- ▶ O'Reilly S, Kathryn Carroll H, Murray D, Burke L, McCarthy T, O'Connor R, Spillane S et al. *Tionchar phaindéim COVID-19 ar chúram ailse in Éirinn – Dearcthaí ó Mheitheal COVID-19 agus Ailse*. *Iris um Beartas Ailse*. 2023;36:100414
- ▶ Ojo A, Rizun N, Walsh GS, Przychodzen W, Mashinchi MI, Foley C, Rohde D. *Muinín agus iontaoibh a spreagadh i bhFórsa Oibre Seirbhísí Máithreachais Náisiúnta na hÉireann – Cad iad na rudaí is tábhachtaí agus conas atá siad tábhachtach?*, *Beartas Sláinte* (Imleabhar 138, 2023, 104947). Ar fáil ar líne ar: <https://doi.org/10.1016/j.healthpol.2023.104947>.









**Health  
Information  
and Quality  
Authority**

An tÚdarás Um Fhaisnéis  
agus Cáilíocht Sláinte

Arna fhoilsiú ag an Údarás um Fhaisnéis agus Cáilíocht Sláinte.

**Le haghaidh tuilleadh eolais déan teagmháil le:**

An tÚdarás um Fhaisnéis agus Cáilíocht Sláinte  
Oifig Réigiúnach Bhaile Átha Cliath  
Cúirt Sheoirse  
Lána Sheoirse  
Margadh na Feirme  
Baile Átha Cliath 7  
D07 E98Y

Fón: +353 (0) 1 814 7400  
Ríomhphost: [info@hiqa.ie](mailto:info@hiqa.ie)  
URL: [www.hiqa.ie](http://www.hiqa.ie)